Bunaíodh Grúpa Oibre na hEalaíne Poiblí in 2013 chun na moltaí atá leagtha amach i Straitéis Ealaíon Ghráinseach Ghormáin a chur i bhfeidhm. Tá an grúpa comhdhéanta de raon saineolaithe ó réimsí na healaíne, na hailtireachta, agus na seirbhísí poiblí. Agus téarma an Chathaoirligh Ciaran Benson agus téarma Chomhordaitheoir na hEalaíne Poiblí, Jenny Haughton tagtha chun críche in 2021, níor tháinig an grúpa le chéile arís go dtí mí na Nollag 2022. Cheap an Ghníomhaireacht Cliodhna Shaffrey mar Chathaoirligh nua ar an nGrúpa Oibre. Tá an grúpa dírithe faoi láthair ar shainchúram a fhorbairt do Bhainisteoir Tionscadail na hEalaíne Poiblí agus Coimeadaí nua chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcéad chéim eile den ealaín phoiblí i nGráinseach Ghormáin.

Ballraíocht an Ghrúpa Oibre in 2022:

- Cliodhna Shaffrey, Cathaoirligh
- Christina Kennedy, Coimeadaí Sinsearach ag Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA)
- Jackie Moore, Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)
- John Mitchell, Stiúrthóir, DMOD Architects
- Derek Dockrell, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Robert Ballagh, Ionadaí Pobail
- Terry Prendergast, Pleanálaí
- Ruairí Ó'Cuív, Oifigeach Ealaíne Poiblí, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Nora Rahill, GFGG

Agus é seo á scríobh, bhí Ronan McCrea díreach ainmnithe mar ionadaí nua OT Bhaile Átha Cliath don Ghrúpa Oibre.

Tharla formhór na dtionscnamh ‘...na saolta ina mairimid’ (the lives we live) roimh 2021 ach tá roinnt tionscadal fós le cur i gcrích. Déantar achoimre orthu seo mar seo a leanas:

Oibreacha Oidhreachta (Conair 1)

Beidh ‘THE GOLDEN BANDSTAND — Sculpture’ le Garrett Phelan suite idir an Mol Glas agus an Chearnóg Láir. Leanadh leis an dul chun cinn lasmuigh den láthair i rith 2022 agus an t-ealaíontóir ag forbairt na ráillí maisiúla agus gnéithe ealaíonta eile sular suiteáladh iad ar an bhfráma struchtúrach atá ar an suíomh faoi láthair. Táthar ag súil go gcríochnófar an saothar ealaíne in 2023 agus go ndéanfar é a sheoladh tar éis é a aistriú go OT Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, roghnaigh an Chomhairle Ealaíon fiseán a dhéanamh de ghnéithe den saothar seo do publicart.ie.

Chríochnaigh Walker & Walker a gcoincheap Endless Play trí chomhoibriú le Heneghan Peng Architects do OT Bhaile Átha Cliath. Tá an obair seo ar feitheamh go dtí go gcuirfear tús le tionscadal na Cearnóige Thiar arís. Tá an Ghníomhaireacht ag tosú arís leis an ealaíontóir Fergus Martin maidir lena choimisiún don FSS agus an Chomharsanacht Cúraim Chónaithe ag dul ar aghaidh chuig an gcéim phleanála.

Tionscadail Phobalbhunaithe (Conair 2)

Leanann roinnt de na 17 dtionscadal ar aghaidh ar bhealaí éagsúla, cuid acu ag idirnascadh le himeachtaí poiblí agus cuid eile ag forbairt leaganacha nua in áiteanna eile. Mar shampla:

- Tá fáil ar One Hour Archive de chuid Louis Haugh fós mar thuras siúil féintreoraithe ar Bhóthar na gCloch.
- I mí na Samhna 2022, d’fhoilsigh Brian Cregan leabhar ar a chónaitheacht The Glass Garden – tá sé beartaithe go seolfar an foilseachán seo in 2023.

Iasachta agus Fáltais

Cuireadh síneadh bliana eile leis an scéim iasachta ag Ionad Cúraim Phríomhúil FSS agus tiocfaidh deireadh léi in 2023. Tabharfar na saothair ealaíne ar ais do na healaíontóirí nó i gcásanna áirithe, féadfar iad a bhronnadh ar an Ionad Cúraim Phríomhúil. Tá an Ghníomhaireacht i mbun plé le FSS i leith an phróisis seo.





Saothar Ealaíne ar Bhalla Clár de chuid Scéalta Ghráinseach Ghormáin, a léiríonn stair an tsuímh, Lúnasa

VII

Scéalta Ghráinseach Ghormáin

Grúpa Oibre Scéalta Ghráinseach Ghormáin

Is clár stair phoiblí taighde agus fionnachtana roinnte ar shuíomh Ghráinseach Ghormáin agus na pobail máguaird é Scéalta Ghráinseach Ghormáin. Tá an Gníomhaireacht agus Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) i gceannas air i gcomhpháirt. Tá Philip Cohen ina Chathaoirleach ar Shainghrúpa Oibre Scéalta Ghráinseach Ghormáin agus tá sé comhdhéanta de:

- CCBÁC
- GFGG
- FSS
- Pobail áitiúla
- Cartlann Náisiúnta na hÉireann
- Acadamh Ríoga na hÉireann
- OT Bhaile Átha Cliath

Tháinig an clár tosaigh trí bliana chun críche in 2022, ach bhí fonn ar an nGníomhaireacht agus ar gach comhpháirtí tionscadail go leanfadh an clár ar aghaidh agus foilsíodh Plean Forfheidhmithe nua do 2022-2025 ó shin. Leanann Scéalta Ghráinseach Ghormáin ag cur lena taisce sócmhainní digiteacha atá ann cheana féin chun a chinntiú go bhfuil fáil ar an gclár go poiblí. Tugtar breac-chuntas ar sheachadadh an chlár le linn 2022 faoi na conairí Daoine, Áiteanna agus Cleachtais thíos.

Daoine

Dhírigh na himeachtaí agus na gníomhaíochtaí a cuireadh ar fáil sa chonair seo ar dhaoine agus ar a dtaithí ar an suíomh.

Tionscadal Píolótach Stair Bhéil

Príomhfhócas do 2022 ba ea oiliúint athnuachana a lorg

d'agallóirí deonacha agus teagmháil a athbhunú le foireann ospidéal scortha don tionscadal píolótach. I mí Dheireadh Fómhair, reáchtáladh maidin chaife rathúil i Séipéal San Labhrás le baill foirne ar scor chun daoine a thabhairt tríd an bpróiseas agus suim sa tionscadal a mheas. Mar thoradh air sin, tá roinnt rannpháirtithe deonacha sa tionscadal anois agus tá obair ar siúl chun sraith agallamh taifeadta a reáchtáil le toiliú feasach.

Rannpháirtíocht Scoileanna

Ghlac dhá scoil páirt sa chlár rannpháirtíochta scoileanna in 2022. Chríochnaigh rang a sé i Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7 freagraí físealaíne ag fiosrú oidhreacht an Chéad Chogaidh Dhomhanda i nGráinseach Ghormáin agus rinne an dá rang a sé i mBunscoil Naomh Muire iniúchadh ar stair shuíomh Ghráinseach Ghormáin le linn bhlianta an Ghorta Mhóir. Agus é seo á scríobh, léirigh dhá scoil áitiúla eile – Bunscoil na Toirbhearta, Cnoc Sheoirse agus Meánscoil Naomh Pól, Scoil na mBráithre Críostaí spéis i dtionscadal a fhorbairt le Scéalta Ghráinseach Ghormáin.

Coimisiúnú

I mí na Bealtaine, sheol Scéalta Ghráinseach Ghormáin sraith nua – ‘Exploring Grangegorman Histories’ – cnuasach aistí gearra tosaigh a dearadh chun spéis a spreagadh agus chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar na téamaí a pléadh. Foilsíodh dhá aiste in 2022, ceann acu ag iniúchadh stair réamhinstitiúideach an tsuímh leis an Ollamh Raymond Gillespie agus an dara ceann ar chóireáil shaighdiúirí an Chéad Chogaidh Dhomhanda ag Ospidéal Cogaidh Richmond ó Eamon Delaney. Ina theannta sin, seoladh dhá shaol nua le linn 2022 mar chuid de ‘Grangegorman Lives’, sraith beathaisnéisí stairiúla a fuarthas ó Dictionary of Irish Biography ar dhaoine a raibh tionchar ag Gráinseach Ghormáin ar a saol.





Cathaoirleach Scéalta Ghráinseach Ghormáin, Philip Cohen ag labhairt le foireann aisteoirí 'The Asylum Workshop' tar éis a dtaibhithe tionscnaimh. Íomhá:Conor

VII

Scéalta Ghráinseach Ghormáin

Ag Comhoibriú le OT Bhaile Átha Cliath

Thacaigh Scéalta Ghráinseach Ghormáin le Conservatoire OT Bhaile Átha Cliath le sraith cainteanna stairiúla ar líne – ‘Stages of Memory’ – a forbraíodh ar dtús mar thaighde do mhic léinn roimh dhráma ar tugadh ‘The Asylum Workshop’ air sa deireadh. Rinne na cainteanna, atá ar fáil go poiblí ar líne, machnamh ar stair an iompair, ar stair na meabhairghalar agus ar stair an chleachtais shíciatraigh in Éirinn, agus ar raon agus doimhneacht thaifid Ghráinseach Ghormáin atá sa Chartlann Náisiúnta anois.

D’fhorbair an drámadóir Colin Murphy ansin an dráma faisnéise ‘The Asylum Workshop’ le mic léinn na Drámaíochta a bhí i mbliain na céime agus léiríodh é in ionad a bhí díolta amach thar 3 oíche i mí na Nollag. Agus é seo á scríobh, bhí 11 taibhiú bhreise déanta ag an dráma i mí an Mheithimh 2023.

Áiteanna

Is suíomh é Gráinseach Ghormáin lena mbaineann tábhacht shaibhir ailtireachta agus spásúil agus bíonn tionchar suntasach aige ar a lucht cónaithe agus ar an gceantar máguaird araon

Tacaíocht a thabhairt do thaighde acadúil chun ailtireacht an tsuímh a ghabháil

D’oibrigh an Grúpa Oibre go dlúth le Scoil na Meán OT Bhaile Átha Cliath chun togra PhD a fhorbairt a bhreathnaíonn ar stair ailtireachta agus shóisialta shuíomh Ghráinseach Ghormáin. Forbraíodh an togra agus na struchtúir mhaoinithe ghaolmhara i rith 2022. Agus é seo á scríobh, bhí agallaimh á ndéanamh don iarrthóir rathúil.

Féile Staire Bhaile Átha Cliath

Ag tógáil ar rath an phodchraolta ‘Timepiece’ a roinn stair an Túir Cloig, sheol Scéalta Ghráinseach Ghormáin an chéad eagrán eile sa tsraith podchraoltaí ag roinnt stair an Tí Íochtaraigh d’Fhéile Staire Bhaile Átha Cliath. Ba é an an staraí ailtireachta, Patrick Quinlan a stiúir an podchraoladh agus

chuaigh sé beo ar Lá Domhanda na Meabhairshláinte, an 10 Deireadh Fómhair.

Oíche Chultúir

Chuir Scéalta Ghráinseach Ghormáin trí thuras siúil staire teoraithe ar fáil ar shuíomh Ghráinseach Ghormáin, turais a bhí faoi stiúir an staraí áitiúil, an Dr Ciaran Wallace. I measc na dtéamaí bhí mian an tearmainn agus an phríosúin bhunaidh, an chóireáil a cuireadh ar shaighdiúirí le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda (Ospidéal Cogaidh Richmond), stair spóirt, stair an oideachais ar an suíomh, agus stair an iompair. Fuarthas léirmheasanna dearfacha ar na turais.

Cleachtais

Go stairiúil, shamhlaí Gráinseach Ghormáin le gaibhniú institiúideach. Tá sé rithábachtach do mhisean agus d’oidhreacht Scéalta Ghráinseach Ghormáin scrúdú a dhéanamh ar na cleachtais institiúideacha seo, ar a mbunús, ar a n-éabhlóid agus ar a dtionchar.

Pléigh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le páirtithe leasmhara eile chun forbairt na bprótacal náisiúnta a spreagadh le haghaidh rochtain taighde agus foilsíú taifid meabhairshláinte stairiúla.

Lean comhaltaí an Ghrúpa Oibre ar aghaidh ag plé le FSS sa réimse tábhachtach seo le linn 2022. Agus é seo á scríobh, tá na prótacail fós le tabhairt chun críche.

Acmhainní le haghaidh Staidéir Bhreise

Coimisiúnaíodh an staraí agus taighdeoir an Dr Grace O’Keeffe chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar gach ábhar foilsithe agus neamhfhoilsithe a bhaineann le Gráinseach Ghormáin ó 1770 i leith. Is é ‘Grangegorman Histories: Resources for further study’ toradh na hoibre sin, agus foilsíodh é i mí Mheán Fómhair. Is bailiúchán é d’acmhainní príomhúla agus tánaisteacha a bhaineann le scéalta Ghráinseach Ghormáin agus léiríonn sé fairsinge agus sonraí scéalta taifeadta an tsuímh seo.





Suíomh an Mhoil Acadúil, Samhain 2022. Íomhá: Grianghrafadóireacht Barrow Coakley

IX

Ag Féachaint Ar Aghaidh

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an gcéad chéim eile de Thionscadal Ghráinseach Ghormáin in 2022 nuair a cuireadh tús le tógáil an Mhoil Acadúil agus na Leabharlainne ar an suíomh. Beidh an tógáil seo fós ina cuid thábhachtach d'obair na Gníomhaireachta sa bhliain 2023 de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh. Chomh maith leis sin, tiocfaidh deireadh in 2023 le tionacht Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7 ó Phlás Mhic Liam agus iad ag bogadh isteach ina scoil nua ag cur le garsprioc thábhachtach eile chun Máistirphlean Ghráinseach Ghormáin a bhaint amach. Osclaíonn sé seo suíomh na scoile sealadaí d'úsáidí eile laistigh den fhorbairt. Déanfar é seo a fhiosrú tuilleadh thar 2023.

Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht leanúint ar aghaidh le dlúthchaidreamh le príomhpháirtithe leasmhara i rith 2023 de réir mar a théann roinnt tionscadal eile chun cinn. Áirítear leis seo tionscadail CCBÁC amhail an ríocht phoiblí nua atá beartaithe don aomhal idir Bóthar Ráth an Dúin agus Gráinseach Ghormáin Uachtarach, bealaí a fhiosrú chun Geata Shráid na Prúise a chur chun cinn agus caomhnú breise a dhéanamh ar na Struchtúir Chosanta neamhfhorbartha atá fágtha.

Agus Workday ar an bpáirtí leasmhar is nuáí le bheith páirteach i bhforbairt Ghráinseach Ghormáin, táthar ag súil go leanfaidh an Gníomhaireacht ag cur leis na caidrimh a bunaíodh le linn 2022. Déanfaidh Foireann Deartha Workday na plananna ar an gCeanncheathrú nua a fhorbairt le tacaíocht ón nGníomhaireacht chun a chinntiú go bhfuil an tionscadal ag teacht le Scéim Pleanála Ghráinseach Ghormáin.

Táthar ag súil go bhfaighidh Comharsanacht Cúraim Chónaithe FSS – a bheidh ar an gcéad tionscadal tithíochta ar an suíomh – cead planála faoi fhómhar 2023. Oibreoidh an Gníomhaireacht leis an FSS freisin chun plananna a fhorbairt don suíomh atá fágtha acu in aice leis an gCloch Leathan agus le suíomh Workday.

Cuirfear chun cinn plananna chun athnuachan a dhéanamh ar an bhfeachtas do dhíol mhaoin OT Bhaile Átha Cliath ar Shráid Aungier an bhliain seo chugainn freisin. Cuirfidh díol na maoine seo ar chumas na Cearnóige Thiar dul ar aghaidh.

Tá an Gníomhaireacht ag deireadh an phróisis tairisceana d'fhoireann deartha do Chéim 1 Ionad Spóirt Faoi Dhíon do OT Bhaile Átha Cliath. Ceapfar an Fhoireann Deartha i samhradh 2023.

Bliain mhór earcaíochta a bhí sa bhliain 2022 don Gníomhaireacht agus faoi dheireadh na bliana, d'fhás an fhoireann Fheidhmiúcháin chun naonúr ball foirne nua a chuimsiú i ngach réimse den Gníomhaireacht. Áiríodh leis seo ról thiomnaithe do dhá phost nua i réimsí an tSoláthair & an Chláir, agus san Inbhuanaitheacht. Cuirfidh sé seo ar chumas na Gníomhaireachta a cuid oibre a neartú tuilleadh sna réimsí seo lena mbaineann rithábhacht.

An bhliain seo chugainn, déanfar comóradh 10 mbliana ar an gcéad tionscadal a críochnaíodh mar chuid den athfhorbairt – Ionad Cúraim Fionnuisce an FSS – agus tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht é seo a cheiliúradh, mar aon le garspriocanna tionscadail le déanaí amhail na Cearnóga Láir agus Thoir. Déanfar iad ar fad a cheiliúradh in imeacht leis na páirtithe leasmhara agus na comhpháirtithe tionscadail go léir.

Nuair a chríochnófar 'THE GOLDEN BANDSTAND – Sculpture' le Garrett Phelan in 2023, cuirfear deireadh leis an gcéad chéim de '...na saolta ina mairimid' agus tabharfar deis chun machnamh a dhéanamh ar an gclár ealaíne poiblí go dtí seo.

Tá Scéalta Ghráinseach Ghormáin ag cur tús le plan feidhmithe nua trí bliana agus leanfaidh an Gníomhaireacht ar aghaidh ag obair le hAcadamh Ríoga na hÉireann chun an clár luachmhar fionnachtana seo a threorú thar na blianta beaga atá romhainn.

Beidh maoiniú tionscadal; aghaidh a thabhairt ar easnaimh; agus feabhas a chur ar mhodheolaíochtaí maoinithe i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara fós mar phríomhbhreithnithe maidir le rath leanúnach na Gníomhaireachta.





Lá Gníomhaithe ar son na hAeráide poiblí na Gníomhaireachta le breis agus 20 grúpa áitiúil agus náisiúnta ag obair ar thionscnaimh inbhuanaitheachta.

Íomhá: Conor Mulhern

CUID II

IX

Inbhuanaitheacht Comhthéacs

Comhthéacs

Leanann Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin sraith ‘Misean-Fís-Luachanna’ foilsithe chun a straitéisí agus a hoibríochtaí a threorú agus campas sláinte, oideachais agus pobail Ghráinseach Ghormáin á fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí comhshaoil agus sóisialta a bhaineann le lár na cathrach thuaidh a chlaochlú mar chuid d’iarracht athghiniúna.

Misean

Pobal bríomhar a dhéanamh de Ghráinseach Ghormáin a chuimsíonn campas oideachais, sláinte agus pobail den scoth, comhtháite agus cuimsitheach agus ceathrú uirbeach. Bainfear é seo amach trí thimpeallacht thógtha a sheachadadh atá ag teacht le Fís Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin.

Fís

A bheith aitheanta go háitiúil agus go hidirnáisiúnta mar eiseamláir d’athghiniúint uirbeach pobail dírithe ar oideachas agus sláinte.

Luachanna

Tá ár dtreoir iompraíochta socraithe ag na luachanna seo a leanas: Comhoibriú - Dírithe ar Sheachadadh - Cáilíocht Deartha - Ionracas - Inbhuanaitheacht

Glacadh le Straitéis Inbhuanaitheachta Ghráinseach Ghormáin den chéad uair in 2012. D’aithin an straitéis deich dtéama inbhuanaitheachta a leag síos roinnt aidhmeanna agus prionsabal don Gníomhaireacht le leanúint i bhforbairt an tsuímh. Tugadh faoi athbhreithniú ar an gcur chuige seo in 2021, ag athstruchtúrú na Straitéise thart ar na Sé Cholún. Déantar cur síos níos mine orthu seo thíos.

Rialachas Inbhuanaitheachta

Déan tagairt le do thoil do Chuid III Rialachas den tuarascáil seo.

- In 2022, rinne an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta Plean Fórsa Saothair nua a fhorbairt agus a fhaomhadh. Shonraigh sé ról nua maidir le Gníomhú ar son na hAeráide chun forbairt agus cur i bhfeidhm Straitéis Inbhuanaitheachta Ghráinseach Ghormáin a spreagadh. Cruthaíodh dhá ról nua - Stiúrthóir Tionscadail le freagracht as Inbhuanaitheacht (ceaptha Meán Fómhair 2022) agus Comhordaitheoir Inbhuanaitheachta tiomnaithe (ceaptha Eanáir 2023). Oibreoidh an fhoireann nua seo ar fud na Gníomhaireachta chun forbairt agus seachadadh na Straitéise Inbhuanaitheachta a threorú agus a chomhordú.
- Bhunaigh an Gníomhaireacht Foireann Gníomhaithe ar son na hAeráide in 2019. D’fhonn na hoibleagáidí tuairiscithe riachtanacha atá leagtha amach sa Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh, athshainíodh an fhoireann seo mar Fhoireann Ghlas GFGG le hionadaíocht thar gach réimse feidhme






Alleé atá ina ceantar coisithe a mbíonn an-tóir ag páirtithe leasmhara ar an suíomh air. Íomhá:Gníomhaireacht

IX

Inbhuanaitheacht Comhthéacs

Rialachas Inbhuanaitheachta ar lean.



Fíor 1 Struchtúr tuairiscithe na Gníomhaireachta maidir le hinbhuanaitheacht trasna a cuid feidhmeanna.

Mar chomhlacht earnála poiblí, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht faoin Sainordú um Gníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí a fógraíodh in 2022 ceannaireacht a léiriú i ngníomhú ar son na haeráide faoi na téamaí seo a leanas:

- Ár Spriocanna,
- Ár nDaoine,
- Ár Modh Oibre,
- Ár bhFoirgnimh, agus
- Feithiclí.

De réir mar is gá, forbraíodh an Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide don Gníomhaireacht i mí na Nollag 2022. Is é an cuspóir atá leis gníomhaíochtaí ár n-eagraíochta a ailíniú le laghdú 51% dearbhaithe an Rialtais ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 (laistigh d'obairíochtaí na heagraíochta: Raon Feidhme 1 & Raon Feidhme 2) agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. Déanfar an doiciméad seo a fhorbairt go leanúnach agus a nuashonrú ag teacht le treoir nuashonraithe.

Baineann raon feidhme an Treochláir seo le lorg corparáideach GFGG. Ní shíneann sé go dtí obair GFGG mar ghníomhaireacht forbartha thar ceann ár bpáirtithe leasmhara. Soláthraíonn sé creat faoina bhféadfaidh an Gníomhaireacht freagairt dá freagrachtaí corparáideacha. Mar a tuairiscíodh faoin Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide 2022, tá an Gníomhaireacht ar an mbóthar ceart chun ár spriocanna Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa 2030 a bhaint amach a bhaineann lenár n-áitreabh oifige gan ach thart ar 72% de na laghduithe sprice a bhaint amach, b'ionann astaíochtaí iomlána 2021 agus 24,415 kgCO₂.

Straitéis

Sainmhíníodh 6 Cholún i Straitéis 2021 mar na príomhbhealaí trína bhféadfaidh an Gníomhaireacht a cuspóirí maidir le hinbhuanaitheacht a chomhlíonadh:

- I. Foirgnimh
- II. Bonneagar
- III. Fuinneamh
- IV. Bithéagsúlacht
- V. Sóisialta
- VI. Nuálaíocht

Socraíodh na piléir seo le tagairt do Spriocanna Inbhuanaitheachta na NA; straitéis agus uaillmhian ár bpáirtithe leasmhara; agus na príomhréimsí gníomhaíochta agus mar sin tionchar na Gníomhaireachta a aithint. Tugann na leathanaigh seo a leanas léargas ar na príomhghníomhaíochtaí faoi gach Colún do 2022.





Scoil nua Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7 ón gcampas, Deireadh Fómhair 2022. Íomhá: Conor Mulhern

X

Sé Cholún Feidhmíochta

Colún I - Foirgnimh

Faoin Máistirphlean straitéiseach cuirfear 380,000 méadar cearnach d'fhoirgnimh nua agus athchóirithe ar fáil ar shuíomh Ghráinseach Ghormáin. Tugann sé seo deis shuntasach chun carbóin chorpraithe agus oibriúcháin a laghdú trí nuálaíocht deartha agus tógála.

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí suntasacha le haghaidh Foirgnimh thar 2022:

- Lean tógáil Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7 ar aghaidh go maith in 2022. Is scoil náisiúnta 24 seomra í seo, le hachar de 5,100 méadar cearnach. Dearadh an foirgneamh de réir an Chaighdeáin um Fhoirgneamh Neodrach ó Thaobh Fuinnimh. Tá an fuinneamh in-athnuaite ginte ag na painéil fhótavoltacha a suiteáladh ar dhíon na scoile ar taispeáint ar mhonatóir i bhforhalla na scoile chun go bhfeicfidh páistí, múinteoirí agus tuismitheoirí iad. Soláthraíonn sé seo uirlis oideachais laistigh den scoil.
- Chríochnaigh an Institiúid Taighde FOCAS (Áis le haghaidh Tréithriú Súl agus Speictreascópachta) Céim Oibre 1 an Chreata um Bainistíocht Oibreacha Caipitil in 2022 agus tá sé ar an mbóthar ceart chun na spriocanna

inbhuanaitheachta éilitheacha atá leagtha síos sa Treoir a bhaint amach, lena n-áirítear maidir le carbón corpraithe.

- Ullmhaíodh an Treoir agus na ceanglais maidir le céim 1 de thionscadal Spóirt Faoi Dhíon OT Bhaile Átha Cliath in 2022. Tionscnaíodh soláthar na Foirne Deartha ar bhonn riachtanas soiléir agus uaillmhianach inbhuanaitheachta, critéir agus spriocanna.
 - Déine Úsáide Fuinnimh (sprioc tháscach <30kWh/m²/bliain)
 - Éileamh teasa fabraice tógála (sprioc tháscach >15kWh/m²/bliain)
 - Teorainn charbóin chorpraithe tháscach (sprioc tháscach 550 kg/co₂e/m²)
 - Ról Sainiúil Measúnóra Saolré (arna mheas mar chuid den phróiseas tairisceana)
 - Ról Sainiúil Curaidh Inbhuanaitheachta (arna mheas mar chuid den phróiseas tairisceana).





An stáisiún uisce poiblí in situ, Meán Fómhair 2022. Íomhá: Gníomhaireacht

X

Sé Cholún Feidhmíochta

Colún II - Bonneagar

Tugann an campas 73 acra deis don Ghníomhaireacht réitigh bhonneagair dea-chleachtais a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an champais agus na bhfoirgneamh ó thaobh cumhachta, fuinnimh, bainistíochta uisce, naisc iompair agus dáileadh sonraí. Leagtar amach thíos an phríomhghníomhaíocht a bhaineann le hinbhuanaitheacht don cholún seo in 2022.

Toisc gur acmhainn luachmhar é uisce, tá sé tábhachtach go n-ionchorpraíonn athfhorbairt an tsuímh bearta caomhnaithe agus inbhuanaitheachta maidir le cóireáil uisce.

- Coimisiúnaíodh Iniúchadh agus Tuarascáil ar Phríomhphíopaí Uisce agus Brath Sceite chun sláine, úsáid agus sceitheadh féideartha Phríomhlíonra Uisce Shuíomh Ghráinseach Ghormáin a mheas. Tá sé mar aidhm ag an gconradh seo tuiscint chuimsitheach a chur ar fáil maidir leis an ngréasán príomhlíonra uisce, lena n-áirítear leagan amach an líonra reatha mar a tógadh é, ídiú uisce de bharr sceitheanna agus na deisiúcháin is gá chun iad a dheisiú.
- Chuir tionscadal Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7 straitéis na gCóras Draenála Uirbí Inbhuanaithe i bhfeidhm chun rith chun srutha uisce báistí ón suíomh a laghdú, a chóireáil agus a mhoilliú. Déascaigh foireann

na Gníomhaireachta rannpháirtíocht le Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile BÁC 7, leis an bhFoireann Deartha agus leis an ‘Bí Uirbeach’ freisin chun iarfheistiú ‘Raingarden Planters’ a cheadú – plandálaithe chun uisce stoirme a choinneáil agus chun bithéagsúlacht a fheabhsú. Tá siad seo le suiteáil in 2023.

- Suiteáladh córas bailithe báistí i Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile BÁC 7 mar fhoinse uisce neamh-inólta chun leithris a shruthlú.
- Bhí Foireann Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na Gníomhaireachta i gceannas ar shuiteáil stáisiúin uisce i spás poiblí Ghráinseach Ghormáin. Bhí an tionscnamh indéanta a bhuí le maoiniú a chuir an Gníomhaireacht ar fáil agus chuir OT Bhaile Átha Cliath i gcrích é i Meán Fómhair 2022. Tugann an stáisiún uisce seo atá deartha agus monaraithe in Éirinn rochtain ar uisce óil glan. Anuas air sin, laghdaíonn sé go héifeachtach úsáid na mbuidéal plaisteach agus an dramhaíl a bhaineann leo. Bailítear sonraí tomhaltais agus déantar monatóireacht orthu faoi cheanntedil ar leith.

Month	Volume (Liters)	Bottles Saved	Plastic Mitigation (KG)	Carbon Footprint (KG)
September	133	266	5.852	21.9
October	114	228	5.016	18.7
November	109	218	4.796	17.9
December	50	100	2.2	8.2





Tollpholl taiscéalaíoch tosaigh le haghaidh geoiteirmeach ar an suíomh, 2021. Íomhá: Gníomhaireacht

X

Sé Cholún Feidhmíochta

Colún III - Fuinneamh

Leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag obair lenár bpáirtithe leasmhara chun a chinntiú go seachadtar sócmhainní a thacóidh leis an bhfeachtas chun ár spriocanna astaíochtaí Náisiúnta a bhaint amach chomh maith lenár gcuspóirí straitéiseacha.

Chun a chinntiú go gcuirtear sócmhainní ísealcharbóin ar fáil dár bpáirtithe leasmhara, is forbairt ríthábhachtach agus riachtanach é dícharbónú fuinnimh agus ar an gcéad dul síos an Líonra Téimh Cheantair, arna chumhachtú tríd an Lárionad Fuinnimh.

Bunaíodh Bord Tionscadal um Fhuinneamh Inmharthana Ghráinseach Ghormáin in 2022 chun gníomhaíocht a chomhordú agus chun comhairle a thabhairt maidir le treo straitéiseach chun cabhrú leis an gcampas a sprioc a bhaint amach mar champas saor ó charbón mar aon le gach sprioc inbhuanaithe reachtaíochta eile a chomhlíonadh.

Faoi stiúir an ghrúpa seo, a chuimsíonn ionadaíocht ó pháirtithe leasmhara, tá GFGG ag obair le Codema

(Gníomhaireacht um Éifeachtúlacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath) chun Straitéis Fuinnimh Inmharthana a fhorbairt don Champas a dhíreoidh ar dhícharbónú an Lárionaid Fuinnimh (a ritheann faoi láthair ar choirí gáis nádúrtha.) Táthar ag súil go mbeidh an obair seo críochnaithe ag deireadh 2023, cé go mbeidh roinnt conclúidí deiridh ag brath ar obair chun an acmhainneacht a bhaineann le leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite ó thollpholl domhain geoiteirmeach ar an suíomh a bhunú.

Lean an Ghníomhaireacht freisin ag obair le OT Bhaile Átha Cliath, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus Codema thar 2022 chun acmhainneacht an fhuinnimh geoiteirmigh ag Gráinseach Ghormáin a chur chun cinn. Thabharfadh feidhmiú praiticiúil d'fhuinneamh domhain talún do chóras téimh ceantair an champais réiteach inbhuanaithe agus in-athnuaite do roinnt páirtithe leasmhara ar shuíomh Ghráinseach Ghormáin.



X

Sé Cholún Feidhmíochta

Colún IV - Bithéagsúlacht

Tugann forbairt shuíomh Ghráinseach Ghormáin deis iontach chun luach an tírdhreacha ghlais de shuíomh i lár Chathair Bhaile Átha Cliath a fheabhsú, a hacmhainní bithéagsúlachta atá fágtha a chosaint, rannpháirtíocht áitiúil a chur chun cinn agus tacú leis agus tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Uile-Éireann um Pailineoirí. I measc na bpríomhghníomhartha bithéagsúlachta thar 2022 bhí:

- Comhtháthaíodh 24 bhosca do ghabhláin ghaoithe sa bhunscoil nua in 2022. Tagann sé seo i ndiaidh rannpháirtíocht dhearfach le ‘Cairde Éanlaith Éireann’ agus suiteáil na mboscaí céanna sa Teach Íochtarach roimhe seo. Tá an ceangaltas seo curtha san áireamh ó shin sna Ceanglais Theicniúla do thionscadail ar fud an tsuimh agus cuirfear i bhfeidhm é do thionscadail eile.
- Ar 18 Meitheamh 2022 d’eagraigh Foireann Chumarsáide GFGG Lá Gníomhaithe ar son na hAeráide i nGráinseach Ghormáin mar chuid d’Fhéile Bhóthar na gCloch. Ba é aidhm na hócáide seo ná daoine atá gníomhach i dtionscnaimh inbhuanaitheachta i gcomharsanacht Ghráinseach Ghormáin a thabhairt le chéile agus feasacht a ardú faoina gcuid oibre lena chéile agus leis an bpobal i gcoitinne. Ar cheann de na gníomhaíochtaí comhlántacha bhí Turas Bithéagsúlachta agus Tóraíocht Taisce bithéagsúlachta suíomh-shonrach do pháistí.





Oibrithe tógála ar shuíomh Scoil Ag Foghlaim Le Chéile BÁC 7, Márta 2022. Íomhá:Conor Mulhern

X

Sé Cholún Feidhmíochta

Colún V - Sóisialta

Diríonn an Colún seo ar an tionchar a bhíonn ag GFGG ar oibrithe feadh an tslabhra breisluacha, pobail áitiúla, páirtithe leasmhara, agus úsáideoirí deiridh. Cuimsíonn sé tionchair GFGG, chomh maith lena cuid rannpháirtíochtaí agus na gníomhartha.

Oibrithe sa slabhra breisluacha

In 2022, ba iad Ganson Building & Civil Engineering Contractors Ltd (Bunscoil Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7), OHLA Townlink (Mol Acadúil) agus Tolmac Construction Ltd (Túr Cloig) na príomhchonraitheoirí ar an suíomh. Bhain an chéad dá cheann fostaíocht áitiúil 12% amach. Ba thionscadal gearrthéarmach an-speisialaithe é an obair ar an Túr Chloig, mar sin níor tháinig an tacar scileanna áitiúla a bhí ar fáil leis na riachtanais. Cé go bhfuil sprioc ag Cairt Fostaíochta Ghráinseach Ghormáin i leith conraitheoirí go dtabharfaí 20% de dheiseanna nua d'fhostaíocht áitiúil, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé seo a bheith deacair a bhaint amach nuair a bhíonn margadh saothair níos doichte gar do lánfhostaíocht, agus nuair a thugann tionscadail méid beag deiseanna fostaíochta.

Pobail a mbíonn tionchar orthu

Is é sainchúram na Gníomhaireachta suíomh iata 73 acra a chlaohlú ina cheathrú chathrach oscailte - campas comhtháite

agus cuimsitheach oideachais, cúram sláinte agus pobail. Baintear é seo amach trí rannpháirtíocht bhríoch leanúnach agus comhoibriú le páirtithe leasmhara Ghráinseach Ghormáin – na daoine a dhéanann áit den spás seo. Faoi Straitéis Cúig Bliana 2021-2026, tá an Gníomhaireacht ag leanúint ar aghaidh ag tabhairt aghaidh ar ghnéithe sóisialta agus cultúrtha Fhís an Mháistirphlean trí thionscadail na hEalaíne Poiblí agus Scéalta Ghráinseach Ghormáin, cur i bhfeidhm leanúnach na Cairte Fostaíochta Áitiúla agus rannpháirtíocht leanúnach i dtionscnaimh amhail ABC Ghráinseach Ghormáin.

Tá cur síos iomlán ar ghníomhaíochtaí pobail agus cultúrtha do 2022 le fáil sna háiteanna seo a leanas:

Caibidil IV – Pobal Caibidil

Caibidil VI – Ealaín Phoiblí

Caibidil VII – Scéalta Ghráinseach Ghormáin





Seolann an tAire Tithíochta Darragh O'Brien TD an Beartas Náisiúnta nua don Ailtireacht i nGráinseach Ghormáin, Bealtaine 2022.

Sa phictiúr ó chlé: Ger Casey, Gníomhaireacht; an tAire Malcolm Noonan TD, an tAire Stáit um Oidhreacht agus Athchóiriú Toghcháin; Valerie Mulvin, McCullough Mulvin Architects; an tAire Darragh O'Brien TD, an tAire Tithíochta; agus Conor Sreenan, Gníomhaireacht.

Íomhá: An Chartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann

X

Sé Cholún Feidhmíochta

Páirtithe leasmhara agus úsáideoirí deiridh

Tá an Ghníomhaireacht réamhghníomhach maidir le saineolas agus eolas gairmiúil a roinnt le Páirtithe Leasmhara, le mic léinn agus leis an bpobal. Anseo thíos tá rogha imeachtaí agus comhdhála ar ghlac an Ghníomhaireacht páirt iontu in 2022.

Márta:

- Le linn sheachtain ghlas OT Bhaile Átha Cliath, chuir an Bainisteoir Cumarsáide agus an Stiúrthóir Tógála agus Bonneagair bonneagar inbhuanaithe agus inbhuanaitheacht shóisialta thionscadal Ghráinseach Ghormáin i láthair don Institiúid um Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Sláinte.
- D'óstáil an Ghníomhaireacht an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le haghaidh cur i láthair agus turas ar fheidhmiú rathúil an CFS (Crios Forbartha Straitéisí) – bhí planálaithe/ cinnteoirí sinsearach mar chuid den ghrúpa.
- Chuir an Ghníomhaireacht le Sraith FGL Caomhnaithe/ 'Buail leis an gCeardaí' de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, áit ar phléigh Stiúrthóir GFGG agus an tAiltire Caomhantais Gráinne Shaffrey ábhar an Chaomhnaithe laistigh d'fhorbairt mhórsála uirbeach, agus sampla Champas Ghráinseach Ghormáin in úsáid.

Aibreán:

- D'óstáil an Ghníomhaireacht cuairt agus ceardlann, 'Grangegorman Place-making' d'Ollscoil na Banríona, An Roinn Pobal, Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.
- Chuir an Ghníomhaireacht le hathbhreithnithe/ léirmheasanna stiúideo do mhic léinn Scoil Ailtireachta, Foirgníochta agus Comhshaoil OT Bhaile Átha Cliath.

Lúnasa:

- Ghlac an Ghníomhaireacht páirt san agallamh foirmiúil/ vótaíocht mar chuidiú le Straitéis 5 Bliana Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann.

Meán Fómhair:

- Chuir an Ghníomhaireacht go foirmiúil le Beartas um Modhanna Nua-Aimseartha Tógála agus Deartha le haghaidh Déantúsaíochta agus Tionóil de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann.

Samhain:

- Chuir an Ghníomhaireacht dhá léacht i láthair mar ionchur foirmiúil don Chomhdháil Foirgnimh Oideachais ar an ábhar Claochlú Digiteach agus Campas Oideachais na Todhchaí agus Spásanna Oideachais Threasaigh a Spreagadh.
- Thug Ócáid Líonraithe an Choiste Idirchaidrimh Pobail léargas ar áiseanna agus limistéir éagsúla laistigh de Ghráinseach Ghormáin don phobal agus é mar aidhm aici naisc nua a chruthú idir pobail nua Ghráinseach Ghormáin agus na pobail atá ann cheana féin. I measc daoine eile, bhí ionadaithe ó Conservatoire OT Bhaile Átha Cliath, Spórt, Inbhuanaitheacht, Nuálaíocht, Mic Léinn ag Foghlaim le Pobail, Ceimic Chomhshaoil, Institiúid um Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Sláinte, an Lárionad Náisiúnta Optaiméadrachta, Stair Ghráinseach Ghormáin, ABC Ghráinseach Ghormáin agus Ionad Cúraim Phríomhúil FSS i láthair.

Nollaig:

- Chuir an Ghníomhaireacht le cur i láthair foirmiúil do Chomhdháil Cliant Soláthair Phoiblí de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais, áit ar leag raon sainchainteoirí béim ar phleananna nuálacha sa spás soláthair phoiblí.





Cnónna capaill ó chuid de chrainn aibí Ghráinseach Ghormáin a coinníodh, fómhar 2022. Íomhá:Gníomhaireacht

X

Sé Cholún Feidhmíochta

Colún VI - Nuálaíocht

Tionchar a Mhaolú feadh an tSlabhra Breisluacha

Tá freagracht ar an nGníomhaireacht sócmhainní carbóin atá tíosach ar fhuinneamh agus a bhfuil ionchorprú íseal orthu a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara. Maidir lenár dtiomantas d'obleagáidí faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaineann le Scóip 1 agus 2 astaíochtaí gáis ceaptha teasa, féachann an Gníomhaireacht le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa Scóip 3 a thuiscint, a laghdú agus díriú orthu. Cé go bhfuil siad seo taobh amuigh dár n-obleagáidí tuairiscithe reatha, is gné shuntasach iad de phleanáil iomlánaíoch do thodhchaí inbhuanaithe.

Sa chomhthéacs seo, cuimsíonn astaíochtaí Scóip 3 an limistéar (atá neamhrialaithe faoi láthair) de charbón corpraithe mar chuid de shaolré iomlán na dtionscadal, Ag teacht leis na nuashonruithe planáilte ag leibhéal an AE ar an Treoir um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, meastar go mbeidh rialachán maidir le carbón corpraithe le teacht laistigh de na blianta beaga atá romhainn. Tá an Gníomhaireacht ag ullmhú dó seo agus tá sí tar éis a bheith páirteach i bpróiseas chun carbón lánsaoil na bhforbairtí suímh a rianú agus tagarmharcanna a bhunú chun gur féidir díriú ar fheabhsúcháin.

In 2022, choimisiúnaigh an Gníomhaireacht roinnt staidéar Measúnaithe Saolré thar shraith de thíopeolaíochtaí tógála de chéimeanna éagsúla forbartha. Is é cuspóir na Gníomhaireachta san obair seo ná léargas a fháil ar an rannchuidiú carbóin chorpraithe ar fud ár dtionscadail forbartha, spriocanna a fhorbairt agus laghduithe a spreagadh.

Ina theannta sin, tá an Gníomhaireacht tar éis cur, tríd an obair a bhfuil cur síos uirthi thuas ag comhaireamh carbón corpraithe, le Tionscadal INDICATE. Is é cuspóir an Tionscadail seo ná modheolaíocht náisiúnta a fhorbairt, atá ailínithe go hiomlán le Creat Leibhéal (Leibhéal) an AE, do Mheasúnú Saolré a thabharfaidh inchomparáideacht agus foghlaim níos fearr agus a chuirfidh dlús le comhtháthú

Charbóin Lánsaoil i rialachán. Déanfar an Tionscadal a sheachadadh trí Construct Innovate le hOllscoil na Gaillimhe, le Comhairle Tógála Glas na hÉireann agus leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le tacaíocht ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Soláthar Poiblí Glas

Is féidir caitheamh le Soláthar Poiblí mar uirlis chun cleachtais agus táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a shonrú. Ach chritéir ghlasa a ionchorprú ina phróiseas, cuireann soláthar brú ar an margadh a bheith nuálach, a bheith trédhearcach agus an dlús a chur leis an aistriú chuig an ngeilleagar glas.

I measc na bpríomhghníomhartha le linn 2022 bhí:

- Beartas agus nósanna imeachta atá ailínithe le 'Treoir um Soláthar Poiblí Glas don Earnáil Phoiblí' de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil a áireamh i mBeartas Soláthair na Gníomhaireachta.
- Ba í an Gníomhaireacht an chéad Chomhlacht Earnála Poiblí a thug gealltanais intinne Chomhairle Tógála Glas na hÉireann chun táscairí Leibhéal (Leibhéal) an AE a ionchorprú inár bpróiseas soláthair i mí na Samhna 2022. Áirítear leis seo Measúnú Saolré, Costáil Saolré, Ciorclaíocht, agus táscairí inbhuanaitheachta Cáilíochta Aeir Laistigh. Táthar ag súil, ach critéir ghlasa a thabhairt isteach inár soláthar maidir leis na táscairí agus na spriocanna inbhuanaitheachta thuas, go ndéanfar monatóireacht agus laghdú níos fearr ar ár dtionchar carbóin lánsaoil Scóip 3.
- Chuimsigh forbairt an tSoláthair do Thionscadal Spóirt faoi Dhíon OT Bhaile Átha Cliath táscairí, ceanglais agus critéir ailínithe le Soláthar Poiblí Glas agus Creat Leibhéal (Leibhéal) an AE. Déantar tagairt níos mine dó seo faoin gColún 'Foirgnimh'.





Píosa beag bithéagsúlachta ar an suíomh in aice leis an Túr Cloig. Íomhá: Gníomhaireacht

XI

Rioscaí agus Spriocanna

Rioscaí

Tá glactha ag an nGníomhaireacht le córas Bainistíochta Riosca a shainaithníonn agus a thuairiscíonn ar phríomhrioscaí. Gach bliain, leagann an Bord amach cuspóirí agus príomhtháscairí feidhmíochta don bhliain atá romhainn bunaithe ar Ráiteas Straitéise Cúig Bliana 2021-2026 arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht agus déanann sé monatóireacht ar dhul chun cinn i gcoinne na bpríomhtháscairí sin. Áirítear le bainistíocht riosca bainistíocht agus tuairisciú ag an bhFeidhmeannas don Bhord maidir le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach lena n-áirítear cuspóirí inbhuanaitheachta. Cé go sonraíonn na doiciméid straitéiseacha seo cuspóirí agus Príomhtháscairí Feidhmíochta a bhaineann go háirithe le hInbhuanaitheacht, admhaíonn an Gníomhaireacht an gá atá le leanúint de smaointeoireacht na hInbhuanaitheachta a leabú ar fud ár ngníomhaíochtaí agus ár bpróisis go léir. Tá struchtúir rialachais ailínithe le ról nua agus forbairt clár oiliúna don eagraíocht uile ag tacú leis an bhforbairt seo.

Méadracht agus Spriocanna

Leanann an Gníomhaireacht ag forbairt agus ag feabhsú méadracht oiriúnach chun dul chun cinn a thomhas faoi na sé cholún. Maidir le Foirgnimh, is é an tomhas rathúlachta ná an méid carbóin a úsáidtear in aghaidh an mhéadair chearnaigh den tógáil agus is é an Caighdeán um Fhoirgneamh Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (NZEB) an tslat tomhais maidir le húsáid leanúnach na bhfoirgneamh. Cé go dtuigtear go maith NZEB, níl na teicnící chun carbón corpraithe a thomhas chomh forbartha céanna. Tá an Gníomhaireacht ag obair le foirne deartha chun méadracht oiriúnach a fhorbairt agus déantar cur síos breise ar an obair seo faoi Cholún VI, Nuálaíocht.

I measc na bpríomhphointí suntasacha do 2022 bhí:

- Cheadaigh Bonnliniú an Mheasúnaithe Saolré ar fhoirgnimh deartha dúinn sprioc charbóin chorpraithe nua a bhunú chun foirgnimh a sholáthar amach anseo. Déantar tagairt dó seo thuas faoi Cholúin na bhFoirgneamh agus na Nuálaíochta araon.
- Socraítear tuilleadh spriocanna feidhmíochta táscacha ar bhonn tionscadail a léiríonn an straitéis iomlán, agus baineann an sampla is déanaí díobh seo le hIonad Spóirt Faoi Dhíon nua OT Bhaile Átha Cliath (féach Colún 1 - Foirgnimh).
- Ag deireadh 2022, thaifeadh GFGG trí uirlis anailíse ‘Bearna go Sprioc’ de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann go bhfuil muid ar an mbóthar ceart chun na laghduithe riachtanacha a leagadh amach in aghaidh thagarmharc 2018 dár gcuid a bhaint amach. Tá an Gníomhaireacht tar éis bogadh go spás oifige atá níos tíosai ar fhuinneamh, rud a chuir go mór lenár laghduithe astaíochtaí go dtí seo. Leanann Foireann Ghlas na Gníomhaireachta ag obair laistigh dár n-eagraíocht agus lenár dtiarna talún (OT Bhaile Átha Cliath) chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo agus chun tuilleadh laghduithe a bhrú chun cinn.
- Mar atá ráite thuas, ba í an Gníomhaireacht an chéad sínitheoir san earnáil phoiblí ar ghealltanas Chomhairle Tógála Glas na hÉireann creat Leibhéal (Leibhéil) an AE a ionchorprú inár soláthairtí Tionscadail, ag soláthar comhsheasmhachta modheolaíochta. Ní sholáthraíonn Leibhéal (Leibhéil) AE méadracht ná spriocanna; forbraíonn an Gníomhaireacht iad seo i gcomhréir le macrachuspóirí agus táscairí Leibhéal (Leibhéil).





Turais Tí Oscailte, Deireadh Fómhair 2022. íomhá:Conor Mulhern

Cuid III

XII

Rialachas

Nochtadh agus Tuairisciú Reachtúil ar Shaoráil Faisnéise

Tháinig GFGG faoin Acht um Shaoráil Faisnéise in 2015. Ag deireadh na bliana 2022 tá 23 iarratas próiseáilte ag an nGníomhaireacht faoin Acht seo.

Ceisteanna Oireachtais

De réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, tá prótacail curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun faisnéis a sholáthar do chomhaltaí an Oireachtais. Tuairisceoidh an Gníomhaireacht go bliantúil maidir leis na prótacail seo a chomhlíonadh agus foilseofar gach iarraidh ar fhaisnéis agus a bhfreagraí (i gcás inarb iomchuí) ar ár suíomh gréasáin. Ní raibh aon iarratas ar fhaisnéis ó chomhalta Oireachtais le linn 2022.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú faoi líon na nochtuithe cosanta a rinneadh di sa bhliain roimhe sin, agus maidir leis an ngníomh a rinneadh mar fhreagairt ar aon nochtadh cosanta den sórt sin. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta don Gníomhaireacht sa tréimhse 1 Eanáir 2022 – 31 Nollaig 2022.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá Dlí Cosanta Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí in LEE á rialú go príomha ag an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (AE/2016/679) (an “RGCS”). Is í an

Gníomhaireacht atá freagrach as comhlíonadh le RGCS do gach fothacar sonraí. Tá na príomhghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a dhéanann an Gníomhaireacht faoi réir RGCS. Ag deireadh na bliana 2022, tá 1 iarratas amháin próiseáilte ag an nGníomhaireacht faoin Acht seo.

Cód Iompair 2018 do Dhaoine a bhfuil Gníomhaíochtaí Brústocaireachta á ndéanamh acu

Ón 1 Eanáir 2019 tá feidhm ag an gCód Iompair do Dhaoine a bhfuil Gníomhaíochtaí Brústocaireachta á ndéanamh acu leis an nGníomhaireacht.

An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá an Gníomhaireacht freagrach freisin as Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (‘an Dualgas’) a chomhlíonadh. Cuireann sé seo oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí cearta daonna na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint; agus ar an bhfoireann agus iad i mbun a gcuid oibre laethúla.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tugann Rialachán Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí) 2019 (S.I. Uimh. 230 de 2020) GFGG faoi raon feidhme an Achta le héifeacht ón 25 Meitheamh 2020.



Cuid III

XIII

Ráitis Airgeadais

CLÁR	Leathanach
Comhaltaí Boird agus Faisnéis Eile	60-61
Ráiteas Rialachais	62-72
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	73-75
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	76-77
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Brabús Coinnithe	78
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	79
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	80
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	81
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	82-102



Comhaltaí Boird agus Faisnéis Eile

Comhaltaí Boird

An tUas. Paul O'Toole	Cathaoirleach	(ceaptha 14 Eanáir 2020 & athcheaptha 13 Eanáir 2023)
An tUas. Gerrard Casey	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	
An tUas. David Conway		(ceaptha 14 Eanáir 2020 & athcheaptha 14 Eanáir 2023)
An tUas. Joe Costello		(ceaptha 15 Meán Fómhair 2021 & d'éirigh sé as 28 Meitheamh 2023)
An tUas. Jim Curran		(athcheaptha 9 Meán Fómhair 2021)
Iníon Elva Duffy BL		(athcheaptha 8 Eanáir 2021 & d'éirigh sí as 14 Deireadh Fómhair 2022)
An Dr Paul Horan		(ceaptha 20 Bealtaine 2021)
Iníon Penelope Kenny FCA		(athcheaptha 9 Meán Fómhair 2021 & críochnaigh a téarma 8 Meán Fómhair 2023)
An tUas. Ciaran McCaffrey		(athcheaptha 9 Meán Fómhair 2021)
An tUas. Jack MacGowan		(athcheaptha 9 Meán Fómhair 2021)
Iníon Mellany McLoone		(athcheaptha 9 Meán Fómhair 2021)
An tUas. Luke McManus		(ceaptha 15 Meán Fómhair 2021)
An Dr Susan O'Shaughnessy		(athcheaptha 9 Meán Fómhair 2021)
An tOll. Terri Scott		(athcheaptha 9 Meán Fómhair 2021)
Iníon Deirdre Scully		(ceaptha 15 Meán Fómhair 2021)
Iníon Julie Herlihy		(ceaptha 22 Lúnasa 2023)



Comhaltaí Boird agus Faisnéis Eile

OIFIG CHLÁRAITHE:

4^ú hUrlár, Teach na Páirce Ghráinseach Ghormáin
191 An Cuarbhóthar Thuaidh
Baile Átha Cliath 7
D07 EWV4

INIÚCHÓIRÍ

An tArd-Reachtair Cuntas agus
Ciste 3A Sráid an Mhéara
Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Baile Átha Cliath 01 PF72

BAINCÉIRÍ:

Banc na hÉireann
Faiche an Cholaíste
Baile Átha Cliath 2
D02 VR66

AIB plc
1 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 X342

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin
Náisiúnta Duga an Stáichiste
Cé an Phoirt
Thuaidh Baile Átha
Cliath D01 A9T8

ATURNAETHA:

McCann Fitzgerald Cois
Abhann a hAon
Cé Sir John Rogerson Baile
Átha Cliath 01 X576



Ráiteas Rialachais

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin Rialachas

Bunaíodh Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GFGG) faoin Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 chun láithreán Ghráinseach Ghormáin a fhorbairt chun leasa Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, FSS agus an phobail áitiúil. Tá an Bord cuntasach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá na hábhair atá coinnte le haghaidh chinntí an Bhoird de réir a reachtaíochta cumasúcháin liostaithe thíos. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Oifigeach Cuntasaíochta faoin Acht) agus an fhoireann feidhmiúcháin freagrach as bainistíocht oibríochta agus rialú laethúil. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht an GFGG.

Bíonn an GFGG ag feidhmiú faoi chreat Rialachais Chorpáráidigh ina léirítear dea-chleachtas agus atá ag teacht le riachtanais Straitéiseacha agus oibríochta ár bpáirtithe leasmhara agus le hAcht Gníomhaireachta Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005. Tá an Gníomhaireacht faoi réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá 15 chomhalta ar an nGníomhaireacht ceaptha ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus ceaptar duine acu mar Chathaoirleach.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Tá obair agus freagrachtaí na Gníomhaireachta leagtha amach san Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005.

Is é aidhm an Achta forbairt suíomh 73 acra i nGráinseach Ghormáin i mBaile Átha Cliath a éascú mar champas nua-aimseartha d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, chun saoráidí sláinte príomhúla agus cúraim shóisialta uasghrádaithe a sholáthar don FSS agus chun rochtain / áiseanna pobail a chur ar fáil.

Tá sé mar fheidhm iomlán ag an GFGG bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar an bhforbairt ar bhealach atá comhtháite agus inbhuanaithe. Go ginearálta, is iad feidhmeanna na Gníomhaireachta:

- Glacadh le suíomh Ghráinseach Ghormáin agus réadmhaoin OT Bhaile Átha Cliath;
- Plean straitéiseach a ullmhú;
- Cinneadh a dhéanamh maidir le straitéis soláthair;
- Dul i mbun comhairle le heagraíochtaí cuí, le grúpa ionadaithe agus leis an bpobal áitiúil;
- Dul i mbun tógála;
- Réadmhaoin a thabhairt ar ais don FSS/ OT Bhaile Átha Cliath nó foras oideachais ar bith eile.

Ceanglaítear le halt 33 (4) den Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 go gcoinneofar cuntais na Gníomhaireachta do gach bliain airgeadais i cibé foirm agus modh a shonróidh an tAire agus go n-ullmhóidh an POF iad agus go gceadóidh an Gníomhaireacht iad chomh luath agus is



Ráiteas Rialachais

indéanta i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad lena gcur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an nGníomhaireacht:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasáochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus measúnaithe a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- A chur in iúl gur leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 102, (FRS 102), faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- Aon athruithe ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus iad a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Gníomhaireacht ar aghaidh i mbun gnó.

Deimhníonn an Bord go bhfuil na ceanglais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Tá an Bord freagrach freisin as cosaint a dhéanamh ar shócmhainní na Gníomhaireachta agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ina nochtar, le cruinneas réasúnta in am ar bith, a staid airgeadais agus ligeann di a dheimhniú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Ailt 33 - 36 den Acht GFGG 2005.

Cúrsaí forchoimeáda don Bhord

- Straitéisí agus cuspóirí fadtéarmacha GFGG a fhaomhadh;
- Bunú, téarmaí tagartha, ballraíocht, nósanna imeachta agus díscáoileadh coistí an Bhoird;
- An Grúpa Comhairleach a bhunú agus a dhíscáoileadh (Alt 22 den Acht GFGG 2005);
- Tuarascáil bhliantúil agus cuntais an GFGG a fhaomhadh;
- Cinntigh don Aire go bliantúil go bhfuil córas rialaithe airgeadais inmheánach ag an gComhlacht Stáit;
- An Plean Straitéiseach a ghlacadh (Alt 12 (4) den Acht GFGG 2005);
- An straitéis ar glacadh leis a chur i bhfeidhm trí thimthriall bliantúil maidir le pleanáil agus buiséadú;
- An Plean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh, agus meastóireacht fhoirmiúil ar fheidhmíocht trí thagairt don phlean agus don bhuiséad ar bhonn bliantúil lena chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil nuair is iomchuí;



Ráiteas Rialachais

- Iasachtaíocht ag an GFGG (Cuid 15 den Acht GFGG 2005);
- Nósanna imeachta a chinntiú faoi chonarthaí a bhronnadh maidir le Conarthaí Seirbhíse, Soláthair agus Oibre de chuid GFGG de réir nósanna imeachta soláthair;
- Athbhreithniú ar shocruithe foriomlána rialachais chorparáidigh an GFGG agus téarmaí tagartha na bhfochoistí;
- An creat bainistíochta riosca a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Ba cheart go ndéanadh an Bord athbhreithniú ar eachtraí riosca ábhartha agus gníomhartha bainistíochta a thabhairt faoi deara nó a cheadú, de réir mar is cuí;
- Ceapachán an POF a cheadú agus pleanáil chomharbais a dhéanamh ina leith;
- Polasaí straitéiseach a dheimhniú maidir le hionchúiseamh, cosaint nó socrú dlíthíochta;
- Talamh, leas i dtalamh nó aon mhaoin eile a fháil agus a dhiúscairt faoi réir thoilíú an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Alt 8(2) den Acht GFGG 2005);
- Sócmhainní a fháil, a dhiúscairt nó iad a scor a bhfuil luach réamh-mheasta acu ag leibhéal tairsí €150,000 nó os a chionn;
- Scéim aoisliúntais a ullmhú le cur faoi bhráid an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus leasuithe suntasacha ar an scéim a fhaomhadh (a bhféadfadh faomhadh ón Aire a bheith ag teastáil ina leith);
- Freagracht as leibhéil údaráis, polasaí an státchiste agus bainistíochta riosca a roinnt;
- Comhlíonadh leis na ceanglais reachtúla agus riaracháin a dheimhniú maidir le líon, grádú agus coinníollacha ceapacháin na foirne go léir a fhaomhadh, de réir chiorcláin agus smachtbhannaí na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí;
- Scaireanna a fháil i gcuideachtaí dliteanais theoranta chun tairbhe a bhaint as aon obair taighde, comhairliúcháin nó forbartha a dhéanann an Gníomhaireacht (Alt 9 (1) (b) den Acht GFGG 2005);
- Tailte agus áitribh atá le háitiú ag FSS, ag OT Bhaile Átha Cliath nó ag comhlacht oideachais eile, a dhílsiú, ag deireadh na céime tógála, faoi úinéireacht an údaráis, na hinstiúitíde nó an chomhlachta eile faoi seach (Alt 9 (1) (l) GFGG Acht 2005);
- Athbhreithniú a dhéanamh ar a oibríocht féin agus iarracht a dhéanamh dóigheanna a aithint chun biseach a chur ar a éifeachtúlacht agus fáil amach cé acu atá bearnaí maidir le cumais agus dóigheanna a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu;
- I dteannta le cruinnithe rialta de chomhaltaí na Gníomhaireachta, bíonn cruinnithe foirmiúla rialta ag an bPríomhfheidhmeannach leis na páirtithe leasmhara lena n-áirítear an Roinn ábhartha, OT Bhaile Átha Cliath agus FSS.




Ráiteas Rialachais

Timthriall Rialachais na Gníomhaireachta




Struchtúr na Gníomhaireachta Struchtúr Eagrúcháin GFGG





Ráiteas Rialachais

Foireann Ardbhainistíochta





Ráiteas Rialachais

Struchtúr na Gníomhaireachta

Ar an nGníomhaireacht tá Cathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta, agus ba é an tAire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheap gach duine acu. Bíonn Comhaltaí na Gníomhaireachta ceaptha ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana agus buaileann siad le chéile ar bhonn míosúil (seachas mí Lúnasa). Liostaítear sa tábla thíos comhaltaí na Gníomhaireachta a bhí ar fónamh le linn 2022, agus na dátaí ceapacháin agus éirí as oifig faoi seach.

Comhalta Gníomhaireachta	Ainmnithe ag	Dáta Ceaptha
An tUas. Paul O'Toole (Cathaoirleach)	Aire FHERIS	Athcheaptha 13 Eanáir 2023
An tUas. Gerrard Casey (POF)	Aire FHERIS	13 Iúil 2016
An tUas. David Conway	Aire FHERIS	Athcheaptha 14 Eanáir 2023
An Clr Joe Costello	CE DCC	Ceaptha 15 Meán Fómhair 2021 & d'éirigh as 28 Meitheamh 2023
An tUas. Jim Curran	An tAire Sláinte	Athcheaptha 09 Meán Fómhair 2021
Iníon Elva Duffy BL	Aire FHERIS	Athcheaptha 8 Eanáir 2021 & d'éirigh as 14 Deireadh Fómhair 2022
An Dr Paul Horan	Uachtarán OT Bhaile Átha Cliath	Ceaptha 20 Bealtaine 2021
Iníon Penelope Kenny FCA	Aire FHERIS	Athcheaptha 9 Meán Fómhair 2021 & críochnaíodh an téarma 8 Meán Fómhair 2023
An tUas. Ciaran McCaffrey	Aire FHERIS	Athcheaptha 09 Meán Fómhair 2021
An tUas. Jack MacGowan	Aire FHERIS	Athcheaptha 09 Meán Fómhair 2021
Iníon Mellany McLoone	Aire Sláinte	Athcheaptha 09 Meán Fómhair 2021
An tUas. Luke McManus	Pobal	Ceaptha 15 Meán Fómhair 2021
An Dr Susan O'Shaughnessy	Uachtarán OT Bhaile Átha Cliath	Athcheaptha 09 Meán Fómhair 2021
An tOll. Terri Scott	Aire FHERIS	Athcheaptha 09 Meán Fómhair 2021
Iníon Deirdre Scully	CE DCC	Ceaptha 15 Meán Fómhair 2021
Iníon Julie Herlihy	Aire FHERIS	Ceaptha 22 Lúnasa 2023

Tá cúig choiste bunaithe ag an nGníomhaireacht, mar a leanas:

1. An Coiste Iniúchta agus Riosca: ceathrar Comhaltaí Gníomhaireachta ar an gcoiste: Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca (CIR) tacú leis an nGníomhaireacht maidir lena freagrachtaí as saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú, rialachas agus dearbhú comhcheangailte. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an CIR go ndéantar maoirseacht go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialuithe inmheánacha. Tuairiscíonn an CIR don Gníomhaireacht tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.



Ráiteas Rialachais

Is iad comhaltaí an CIR in 2022:

Penelope Kenny FCA (Cathaoirleach), David Conway, Ciaran McCaffrey, agus Elva Duffy (d'éirigh sí as 14 Deireadh Fómhair 2022)

Bhí 4 chruinniú ag an CIR in 2022.

2. An Coiste Sláinte & Sábháilteachta: cúigear Comhaltaí Gníomhaireachta ar an gcoiste:

Is é ról an Choiste Sláinte & Sábháilteachta ná nósanna imeachta reatha maidir le sláinte agus sábháilteacht a mhonatú agus a athbhreithniú agus treoir agus ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil le soláthar thionscadal Ghráinseach Ghormáin a chinntiú. Tá sé mar rún ag an gCoiste Sláinte & Sábháilteachta cuidiú le fíis Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin a bhaint amach: "Is é an aidhm atá againn ná glacadh le cur chuige comhoibríoch i dtaca le Sláinte agus Sábháilteacht thar theorainneacha". Cuirtear moltaí ón gcoiste faoi bhráid an Bhoird.

Is iad comhaltaí an Choiste Sláinte agus Sábháilteachta in 2022:

Ciaran McCaffrey (Cathaoirleach), an Dr Paul Horan, Mellany McLoone, Luke McManus agus Susan O'Shaughnessy.

Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta in 2022.

3. An Coiste Straitéise & Pleanála: seisear Comhaltaí Gníomhaireachta ar an gcoiste. Is é ról an Choiste Straitéise & Pleanála (SPC) ná monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar sheachadadh an Phlean Straitéise & Diúscartha Réadmhaoine, go háirithe nithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an Scéim Pleanála nó ar an bPlean Straitéiseach; deiseanna agus dúshláin fhéideartha don Gníomhaireacht a bhreithniú agus comhairle a thabhairt ina leith; deiseanna nó tionscnaimh a bhreithniú chun an tionscadal a chur chun cinn; tuairisc a thabhairt don Bhord ar shaincheisteanna a thagann chun cinn agus ar na roghanna straitéise atá ar fáil.

Is iad comhaltaí an CPS in 2022:

Jack MacGowan (Cathaoirleach), David Conway, Jim Curran, an Dr Paul Horan, an tOll. Terri Scott agus Iníon Deirdre Scully.

Bhí 4 chruinniú den CPS ann in 2022.

4. An Coiste Acmhainní Daonna & Pleanála Fórsa Saothair: ceathrar Comhaltaí Gníomhaireachta ar an gcoiste. Is é ról an Choiste Acmhainní Daonna & Pleanála Fórsa Saothair (HRWC) comhairle a chur ar an nGníomhaireacht agus moltaí a dhéanamh ar chúrsaí fórsa saothair. Tuairiscíonn an HRWC don Gníomhaireacht tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad comhaltaí an HRWC in 2022:

Mellany McLoone (Cathaoirleach), Jim Curran, an tOll. Terri Scott. Tháinig deireadh le téarma ballraíochta Penelope Kenny i mí Eanáir 2022.

Bhí 4 chruinniú den HRWC ann in 2022.



Ráiteas Rialachais

5. An Coiste Pobail & Cultúir: cruthaíodh an coiste seo in 2022 agus tá seisear Comhaltaí Gníomhaireachta mar chuid de. Is iad na téarmaí tagartha don choiste Pobail agus Cultúir ná nithe a bhreithniú, ar leibhéal straitéiseach, a eascraíonn as obair an Ghrúpa Chomhairligh, i.e.

an Choiste Idirchaidrimh Pobail, Fhóram Saothair Áitiúil Ghráinseach Ghormáin, Ghrúpa Oibre na hEalaíne Poiblí, Ghrúpa Scéalta Ghráinseach Ghormáin. Déanann an coiste nua gnéithe straitéiseacha de mhisean GFGG a mheas maidir leis na réimsí seo agus cuirfidh sé comhairle ar an mBord dá réir.

Tuairiscíonn an CCC don Ghníomhaireacht tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad comhaltaí an CCC in 2022:

Joe Costello (Cathaoirleach) (d'éirigh sé as an 28 Meitheamh 2022), Elva Duffy (chuaigh sí ar scor an 14 Deireadh Fómhair 2022), Penelope Kenny, Luke McManus, Susan O'Shaughnessy agus Deirdre Scully.

Bhí 3 chruinniú den CCC ann in 2022.

Comhalta Boird Nua

Tá próiseas ionductaithe ag GFGG do Chomhaltaí Boird nua. Tá sé deartha lena chinntiú go bhfuil siad eolach ar oibleagáidí reachtúla na Gníomhaireachta agus ar an gcaoi a ndéanann an Bord a ghnó. Áiríonn sé ábhar faisnéise ábhartha, sonraí faoi phleananna straitéiseacha na Gníomhaireachta, agus áirítear ann freisin clár cruinnithe príomh-Bhoird agus fochoistí.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais

Leagtar amach thíos sceideal freastail ar chruinnithe Bhord agus choistí na Gníomhaireachta don bhliain 2022, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach Comhalta:

Comhaltaí Boird agus Coistí Boird agus freastail ar chruinnithe in 2022								
	Bord	Iniúchóireacht agus Riosca Freastail	Sláinte & Sábháilteacht	Straitéis & Pleanáil	Acmhainní Daonna & Pleanáil Fórsa Saothair	Pobal & Cultúrtha	Táillí € 2022	Speansais € 2022
Líon cruinnithe	7	4	3	4	4	3		
An tUas. Paul O'Toole	7						8,978	
An tUas. Gerrard Casey	7							829
An tUas. David Conway	6	4		4			5,985	
An Clr Joe Costello	7				3 (Cathaoirleach)		5,986	
An tUas. Jim Curran	7			3	2		3,084	478
Iníon Elva Duffy BL	4 (6)	3 (3)				2 (2)	4,719	
An Dr Paul Horan	7		3	4				
Iníon Penelope Kenny FCA	7	4 (Cathaoirleach)			1 (1)	3	5,986	
An tUas. Ciaran McCaffrey	6	4 (Cathaoirleach)	3 (Cathaoirleach)					
An tUas. Jack MacGowan	6			4 (Cathaoirleach)			5,986	
Iníon Mellany McLoone	7		2		4 (Cathaoirleach)			
Luke McManus	6		1			3	5,986	
An Dr. Susan O'Shaughnessy	7		3			3		
An tOll. Terri Scott	5			4	2 (3)		5,986	695
Deirdre Scully	7			4		3		
Iomlán							52,696	2,002
() = an t-uaslíon cruinnithe arbh fhéidir freastail orthu. seachas sin, bhí an t-uaslíon indéanta.								



Ráiteas Rialachais

Ní bhfuair na comhaltaí seo a leanas den ghníomhaireacht táille faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin: an Dr Paul Horan, an tUasal Ciaran McCaffrey, Iníon Mellany McLoone, an Dr Susan O'Shaughnessy agus Iníon Deirdre Scully. Ní bhfuair an tUasal Gerrard Casey, mar Phríomhfheidhmeannach, táille.

Príomhathruithe Pearsanra

Ar an 12 Meán Fómhair 2022, ceapadh Catherine Opdebeeck ina Stiúrthóir Cláir agus Soláthair. Tar éis do Dominick Healy éirí as i mí Iúil 2022, ceapadh Stiúrthóir nua Tógála agus Bonneagair, Cathal Rigney i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ar an 24 Iúil 2023, ceapadh Trevor Purtill ina Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Pobail.

Comhardú Inscne i mBallraíocht an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí cúigear (36 %) ban agus naonúr (64 %) fear ar an mBord. Mar sin níor chomhlíon an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit.

Cuirtear cothromaíocht inscne an Bhoird san áireamh nuair a bhíonn ceapacháin nua á mbreithniú ag an Roinn.

Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Gníomhaireacht freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin ceanglais an Chóid. Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

Miondealú ar Shochair Fostaí Ghearrthréimhseacha

Nochtar miondealú ar shochair fostaí i nóta 7 de na ráitis airgeadais.



Ráiteas Rialachais

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach don lucht bainistíochta.

	2022	2021
	€'000	€'000
Comhairle dhlí	25	265
Comhairleacht dearaidh	2,587	2,089
Táillí gairmiúla	0	32
Comhairle um Shláinte & Sábháilteacht	39	37
Costais Chomhairliúcháin Iomlána	<u>2,651</u>	<u>2,423</u>
Conradh	130	131
Costais Tionscadail	138	963
Forchostais Reatha	-	37
Caipitlithe	<u>2,383</u>	<u>1,292</u>
Iomlán	<u>2,651</u>	<u>2,423</u>

Costais Díl agus Socraíochtaí

Ní raibh aon socraíochtaí dlíthiúla ann in 2022 ná in 2021. In 2021, áfach, thabhaigh an Gníomhaireacht costas €260,000 ar chomhairle dlí a dhéileáil le héileamh ó Eriugena (PPPCo) i gcoinne an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta mar an páirtí conarthach i leith athruithe agus moilleanna i seachadadh na gCearnóg Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí.

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2022	2021
	€	€
Intíre	1,462	0
Comhaltaí Bhord na Gníomhaireachta & POF Fostaithe	<u>40</u>	<u>495</u>
Idirnáisiúnta*		
Comhaltaí Bhord na Gníomhaireachta	0	0
Fostaithe	<u>0</u>	<u>0</u>
Iomlán	<u>1,502</u>	<u>495</u>



Ráiteas Rialachais

*In 2022 agus 2021 níor ghá aon íocaíocht a dhéanamh leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide chun na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le taisteal oifigiúil a fhritháireamh.

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2022	2021
	€	€
Fáilteachas Foirne & Boird	3,474	914
Fáilteachas Páirtithe Leasmhara	1,497	654
Fáilteachas Cliant	0	0
Iomlán	<u>4,971</u>	<u>1,568</u>

Ráiteas Comhlíonta

Déanann GFGG athbhreithniú bliantúil ar a leibhéal comhlíonta leis an gcód cleachtais um rialachas comhlachtaí stáit agus nuair is gá, cuireann sé socrúithe i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú. Chomhaontaigh sé líon beag maoluithe leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Comhaontaíodh maoluithe ar:


- Rúnaí an Bhoird: Ar an mbonn go dtagann Acht GFGG in ionad an Chóid Chleachtais agus go ndéanann an Príomhfheidhmeannach na feidhmeanna sin a dhéanann Rúnaí Cuideachta de ghnáth a tharmligean agus a chomhlíonann na Seirbhísí Corparáideacha agus Foireann Feidhmiúcháin eile. Thug an Cathaoirleach, an Bord agus an Príomhfheidhmeannach faoi na feidhmeanna reachtúla go léir, de réir Acht GFGG 2005,
- Tuarascáil Bhliantúil: Spriocdháta chun tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a fhoilsiú. Comhaontaíodh síneadh go dtí an dáta is déanaí idir sé mhí ó dheireadh na bliana agus aon mhí tar éis don C&AG na ráitis airgeadais a shíneadh.

Thar ceann Chomhaltaí na Gníomhaireachta:


An tUas. Paul O'Toole

Cathaoirleach

Dáta: 06.09.2023


An tUas. Gerrard
Casey Comhalta Boird

Dáta: 06.09.2023



Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip Freagrachta

Thar ceann Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, admhaím go bhfuil freagracht ar an nGníomhaireacht as a dheimhniú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Aidhm an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an Córas um Rialú Inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Mar sin ní féidir ach cinnteacht réasúnach agus ní cinnteacht iomlán a fháil ón gcóras go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó iad a thabhairt faoi deara in am.

Tá an Córas um Rialú Inmheánach, a thagann leis an treo a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN, i bhfeidhm sa Gníomhaireacht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) sa Gníomhaireacht ar a bhfuil ceathrar Ball den Gníomhaireacht a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu. Tháinig an ARC le chéile ceithre huaire in 2022.

Fostaíonn an Gníomhaíocht Iniúcháir Inmheánach neamhspleách a oibríonn de réir na dtéarmaí tagartha don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus a thuairiscíonn don Choiste. Faomhann an ARC Plean Iniúchta inmheánach agus athbhreithnítear é gach bliain. Úsáidtear cur chuige rioscabhunaithe chun an Plean Iniúchta inmheánach a fhorbairt.

Tá inghlachtacht riosca na heagraíochta socraithe ag an nGníomhaireacht agus leagtar amach é seo i Ráiteas Inghlacthachta Riosca a áirítear ina Polasaí um Bainistíocht Riosca. Tá Polasaí um Bainistíocht Riosca forbartha ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ina leagtar amach na Próisín Bainistíochta Riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Cuireadh an polasaí amach chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil leis go n-oibreoidh siad laistigh de Pholasaithe Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta, chun an lucht bainistíochta a chur ar a n-airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí a smachtú agus chun freagracht a ghlacadh maidir le rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá Córas Bainistíochta Riosca curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht ina sainithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus gníomhartha arna nglacadh ag an lucht bainistíochta chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, lena maolú.



Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Mír bhuan is ea bainistíocht riosca ar chlár oibre an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus na Gníomhaireachta araon. Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm lena sainaithear na príomhrioscaí atá roimh an nGníomhaireacht agus sainaitheodh, measúnaíodh agus

grádaíodh iad seo de réir a suntasachta. Déanann an Gníomhaireacht athbhreithniú ar bhonn ráithiúil ar na rioscaí go léir arna sainaithear ar an gClár Rioscaí agus ar an bplean

bainistíochta chun na rioscaí arna sainaithear a mhaolú. Cuirtear rioscaí arna sainaithear le linn na bliana leis an gClár Rioscaí ar bhonn leanúnach. Lena chois sin, déanann an Gníomhaireacht athbhreithniú ar na rioscaí ardchéime (iad siúd a dtugtar ráta dearg orthu), rioscaí nua agus rioscaí atá ag athrú ar an gClár Rioscaí ceithre huair sa bhliain ar a laghad. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sonraítear ar an gClár Rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus leagtar an fhreagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shainiúla. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó;
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann;
- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an ardbhainistíocht agus an Gníomhaireacht faoi athbhreithniú;
- Tá córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras faisnéise agus cumarsáide a chinntiú; agus
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhú ceartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Gníomhaíocht, nuair is ábhartha, ar bhealach

tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaitheodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh arna sainaithear a thuairisciú;
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar leagadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus;
- Déanann an ardbhainistíocht agus an Gníomhaireacht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcomparáid le buiséid agus/nó réamhaisnéisí.



Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Soláthar

Dearbhaím go gcinntíonn an Gníomhaireacht go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas sa soláthar agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh a chinntiú le treoirlínte ábhartha soláthair, rialacháin agus an Cód Caiteachais Phoiblí.

Deimhnímid freisin gur chomhlíon an Gníomhaireacht, in 2022, go substaintiúil leis na nósanna imeachta seo, ach amháin cás amháin, a luaitear thíos, maidir le soláthairtí os cionn €25,000.

Rinneadh conradh chun seirbhísí Comhairliúcháin Innealtóireachta a sholáthar ar luach suas le €36,000 i mí Feabhra 2022 gan dul trí phróiseas iomlán soláthair. Bhí tacaíocht shealadach riachtanach phráinneach ag teastáil ón nGníomhaireacht le heolas cuí sa réimse teicniúil seo. Tá soláthar níos fadtéarmaí de chreat comhlíontach chun an riachtanas teicniúil leanúnach a shásamh faoi lánseol.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a Nósanna Imeachta um Bainistíocht agus Rialú Riosca. Déanann obair na hIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a mhaoirsiú a gcuid oibre, agus na hardbhainistíochta laistigh den Gníomhaireacht atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choimeád, déanann an obair seo eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú na Gníomhaireachta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Dearbhaím go ndearna Comhaltaí na Gníomhaireachta, i bpáirtíocht leis na hIniúcháirí Inmheánacha, athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha don bhliain 2022. Foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil Dhearbhaite i mí Aibreáin 2023 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca í ag cruinniú ar an 25 Aibreán 2023.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí ábhartha sa Rialú Inmheánach i ndáil le 2022.

Thar ceann Chomhaltaí na Gníomhaireachta:

An tUas. Paul O'Toole An tUas. Gerrard Casey

Cathaoirleach

Dáta: 06.09.2023

Comhalta Boird

Dáta: 06.09.2023



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 33 den Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005. Mar chuid de na ráitis airgeadais tá:

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus brabús coinnithe
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cóir ar na sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin ar an 31 Nollaig 2022 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas do 2022 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an nGníomhaireacht agus tá mo fhreagrachtaí eitiiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun go mbeadh bonn le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an nGníomhaireacht in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den chineál sin, agus maidir le hábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí

eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Andrew Harkness
Ar son agus thar ceann an Ard-
Reachtaire Cuntas agus Ciste an
7 Meán Fómhair 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí na Gníomhaireachta

Mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais, tá comhaltaí na gníomhaireachta freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 33 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cibé an bhfuil úsáid as an mbonn cuntasáíochta gnóthas leantach oiriúnach, agus
- rialú inmheánach a chinneann sé atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 33 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 ráitis airgeadais na Gníomhaireachta a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam le linn an iniúchta ná teacht ar dhearbhu réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhu réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfaid i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta hIniúcháireachta, ar mhíráiteas ábhartha nuair is ann dó. D'fhéadfadh míráitis eascair ó chalaos nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a sheoltar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Is mé á dhéanamh sin,

- Aithníim na rioscaí atá ann i leith míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé mar thoradh ar chalaos nó earráid agus déanaim measúnú orthu; leagaim amach nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus tagaim ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha ó chalaos a bhrath níos airde ná ó earráid mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh

d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá ábhartha sna cúinsí atá i gceist, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar ábharthacht na mbeartas cuntasáíochta agus a réasúnaí is atá meastacháin chuntasáíochta agus nochtuithe bainteacha.

- Socraím chomh hoiriúnach is atá sé úsáid a bhaint as an mbonn cuntasáíochta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta ar a dtagam, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas na Gníomhaireachta leanúint mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil mhíchinnnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe den chineál sin neamhleordhóthanach, mo thuairim a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta ar thángthas uirthi go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo stop a chur ar an nGníomhaireacht leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais tríd is tríd lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Chomh maith le nithe eile, cuirim scóip agus am an iniúchta in iúl dóibhsean atá freagrach as rialachas chomh maith le torthaí suntasacha iniúchta lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa chóras rialaithe inmheánaigh a aithníim le linn m'iniúchta.

Tuairiscím freisin trí eisceacht, más é mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh na taifid chuntasáíochta leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim aon dearbhu ar aon bhealach ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó más léir

go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisc ar nithe eile

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh aird ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.



Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Brabús Coinnithe

	Nótaí	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 €'000	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 €'000
IONCAM			
Ioncam	2	22,824	10,653
Glan-mhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochar scoir	8 (c)	528	444
Ioncam eile	3	<u>203</u>	<u>21,357</u>
		23,555	32,454
Aistriú talún agus foirgneamh ón nGníomhaireacht	13	(3,666)	(20,248)
Aistriú ó / (chuig) cuntas caipitil	4	<u>(14,530)</u>	<u>(4,971)</u>
		5,359	7,235
CAITEACHAS COSTAIS CHONARTHA AGUS TIONSCADAIL			
Costais chonarta	5	(177)	179
Costais tionscadal	6	754	1,629
Costais roinnte inghnóthaithe		36	1,072
Tionscadail / Coimisiúin Speisialta		<u>0</u>	<u>41</u>
		<u>613</u>	<u>2,921</u>
Ranníocaíocht Chomhlán		4,746	4,314
FORCHOSTAIS GHINEARÁLTA			
Costais foirne	7	1,974	1,892
Costais scoir	8 (d)	542	476
Luach saothair agus costais na gcomhaltaí boird	12	54	51
Costais bhunaithe	9	131	149
Seirbhísí gairmiúla	10	160	289
Costais Ghinearálta Oibriúcháin	11	200	115
Cumarsáid & Caidreamh Poiblí		27	41
Dímheas	13	1,151	1,134
Táillí iniúchóireachta		<u>28</u>	<u>28</u>
		<u>4,267</u>	<u>4,175</u>
BARRACHAS DON BHLIAIN		479	139
Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 1 Eanáir		<u>1,038</u>	<u>899</u>
IARMHÉID TUGTHA AR AGHAIDH AN 31 NOLLAIG		<u>1,517</u>	<u>1,038</u>

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 24 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

THAR CEANN AN BHOIRD:

An tUas. Paul
O'Toole
Cathaoirleach
Dáta: 06.09.2023

An tUas. Gerrard
Casey Comhalta Boird

Dáta: 06.09.2023



Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	Nótaí	Bliain dar críoch 31 Noll 2022	Bliain dar críoch 31 Noll 2021
		€'000	€'000
Barrachas don bhliain		<u>479</u>	<u>139</u>
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar dhliteanais scéimeanna Sochar Scoir		1,385	(760)
Athrú ar bhoinn tuisceana mar bhun le luach reatha na ndlitéanas Sochar Scoir		<u>0</u>	<u>0</u>
Gnóthachan/(caillteanas) iomlán achtúireach sa bhliain	8(f)	1,385	(760)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir		<u>(1,385)</u>	<u>760</u>
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		<u>479</u>	<u>139</u>

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 24 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

THAR CEANN AN BHOIRD:

An tUas. Paul O'Toole

Cathaoirleach

Dáta: 06.09.2023

An tUas. Gerrard Casey

Comhalta Boird

Dáta: 06.09.2023



Ráiteas ar Staid an Airgeadais


	Nótaí	31 Nollaig 2022 €'000	31 Nollaig 2021 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	13	<u>134,687</u>	<u>114,213</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Infháltais agus réamhíocaíochtaí	14	187	2,006
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		12,833	8,692
Coibhéisí Airgid Thirim		<u>98,614</u>	<u>111,450</u>
		111,634	122,148
DLITEANAIS REATHA			
Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin	15	<u>(10,658)</u>	<u>(10,414)</u>
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		<u>100,976</u>	<u>111,734</u>
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE		<u>235,663</u>	<u>225,947</u>
DLITEANAIS REATHA			
DLITEANAIS FHADTÉARMA			
Méideanna dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin	16	(126,148)	(131,441)
Dlíteanaí sochar scoir	8(b)	(3,270)	(4,127)
Maoiniú sochar scoir iarchurtha	8(b)	<u>3,270</u>	<u>4,127</u>
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS		<u>109,515</u>	<u>94,506</u>
LENA LÉIRÍTEAR			
Cúlchistí ioncaim coinnithe	17	1,517	1,038
Cuntas caipitil	4	<u>107,998</u>	<u>93,468</u>
		<u>109,515</u>	<u>94,506</u>

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 24 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

THAR CEANN AN BHOIRD:


An tUas. Paul O'Toole
Cathaoirleach

Dáta: 06.09.2023


An tUas. Gerrard
Casey Comhalta
Boird

Dáta: 06.09.2023



Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

		An bhliain dar críoch bhliain dar críoch Nótaí 2022 31 Nollaig 2021	An 31 Nollaig €'000
		€'000	€'000
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas oibriúcháin don bhliain		479	139
Dímheas	13	1,151	1,134
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainne		0	0
Ús infhaighte	3	(136)	(1)
Laghdú / (Méadú) ar infháltais	14	1,819	(1,142)
Méadú / (Laghdú) ar infháltais	15	244	1,552
Aistriú (ó) / chuig cuntas caipitil	4	14,530	4,971
Aistriú sócmhainní chuig OT Bhaile Átha Cliath	13	3,690	448
Réamhíocaíochtaí ar ghníomhaíochtaí tógála	16	<u>(5,293)</u>	<u>(25,125)</u>
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<u>16,484</u>	<u>(18,024)</u>
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	13	(25,315)	(11,019)
Ús faighte	3	<u>136</u>	<u>1</u>
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe		<u>(25,179)</u>	<u>(11,017)</u>
Méadú / laghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		(8,695)	(29,041)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 1 Eanáir		<u>120,142</u>	<u>149,183</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 31 Nollaig		<u>111,447</u>	<u>120,142</u>

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 24 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

1. RÁITEAS FAOI NA POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Is é ról na Gníomhaireachta ná forbairt shuíomh Ghráinseach Ghormáin a chur chun cinn mar shuíomh oideachais, sláinte agus áiseanna eile. Aistríodh tailte ag suíomh Ghráinseach Ghormáin chuig an nGníomhaireacht ón FSS de réir alt 13 den Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 ar an 24 Feabhra 2012.

Ón 21 Deireadh Fómhair 2020, rinneadh comhlacht faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta den Gníomhaireacht, agus roimhe sin bhí an Gníomhaireacht faoin Roinn Oideachais agus Scileanna.

Chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Oideachais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath maoiniú ar fáil, mar seo a leanas:

- Cuirtear maoiniú OT Bhaile Átha Cliath
 - ar fáil maidir le tógáil áiseanna oideachais. Aithnítear an maoiniú mar Dhliteanas Fadtéarmach agus na sócmhainní gaolmhara mar shócmhainní seasta inláimhsithe i ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (féach Nóta 13 agus Nóta 16).
 - Cuirtear maoiniú ar fáil maidir le costais tionscadail áirithe nuair nach gcruthaítear sócmhainn mar thoradh ar na costais sin. Gearrtar costais den chineál sin ar loncam agus Caiteachas. Scaoiltear méid meaitseála ón Dliteanas Fadtéarmach, chuig an loncam agus Caiteachas mar ioncam. Lena chois sin, roinntear costais áirithe idir Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin agus OT Bhaile Átha Cliath. Áirítear le hioncam eile aisghabháil na gcostas seo.
- Maoiníonn FSS na costais a bhaineann le forbairt saoráidí sláinte ar an suíomh, (féach Nóta 5).
- Chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maoiniú caipitil agus reatha ar fáil le haghaidh fhorbairt champas Ghráinseach Ghormáin agus chostais oibríochtúla na Gníomhaireachta.
- Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú ar fáil le haghaidh Bhunscoil Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7.

Cuirtear na polasaithe cuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta agus plé á dhéanamh le rudaí a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta:



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

i) BONN NA CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

Chun ráiteas airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS102, ní mór meastacháin chriticiúla chuntasaíochta ar leith a úsáid. Ní mór freisin don lucht bainistíochta breithiúnas a thabhairt le linn dóibh polasaithe cuntasaíochta na Gníomhaireachta a chur i bhfeidhm. Nochtar i Nóta ix na réimsí lena mbaineann leibhéal ard breithiúnais nó castachta nó na réimsí ina mbíonn boinn

tuisceana agus meastacháin suntasach ó thaobh na ráiteas airgeadais de.

ii) IONCAM A AITHINT

Faigheann an Gníomhaireacht deontais reatha agus chaipitil araon ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a aithnítear mar seo a leanas:

- Tugtar cuntas i ndeontais a chuirtear ar fáil chun caiteachas reatha a mhaoiniú ar bhonn fabhráithe.
- Aithnítear deontais a chuirtear ar fáil chun forbairt chaipitil a mhaoiniú ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta faoi ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Nuair a úsáidtear iad chun sócmhainní caipitil / sócmhainní atá á bhforbairt a mhaoiniú, aistrítear méid comhionann chuig an gcuntas caipitil, go dtí cibé tráth a aistreofar rialú an fhoirgnimh chríochnaithe chuig OT Bhaile Átha Cliath.

Déanann an Gníomhaireacht obair thógála agus forbartha thar ceann a cuid páirtithe leasmhara. Nuair is le páirtí leasmhar an teideal dlíthiúil ar fhoirgneamh agus nuair is í an Gníomhaireacht a thabhaíonn na costais chonartha ghaolmhara, cuireann an Gníomhaireacht sonrasc chuig an bpáirtí leasmhar ábhartha i leith na gcostas sin. Aithnítear ioncam ar aon dul leis na méideanna arna sonrasc. I gcás tionscadail tógála eile, aithnítear ioncam nuair a aistrítear rioscaí suntasacha agus luach saothair a bhaineann le húinéireacht agus rialú éifeachtach ar an bhfoirgneamh bunúsach chuig na páirtithe leasmhara.

iii) COSTAS AGUS AITHEANTAS SÓCMHAINNE

Déanann an Gníomhaireacht idirdhealú idir costais tionscadail agus costais chonartha.

Costais tionscadail

Áirítear leis seo costais sula dtosaítear ar an tionscadal agus nuair a bhíonn sé críochnaithe agus nuair nach mbíonn sócmhainn mar thoradh ar an tionscadal a bhféadfadh an Gníomhaireacht tairbhe geilleagrach a bhaint aisti sa todhchaí. Gearrtar costais den chineál sin ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain ina dtagann siad chun cinn (Nóta 6).

Áirítear le costais tionscadail costais bhunaithe do thionscadail Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) maidir le forbairt áiseanna oideachais laistigh de shuíomh Ghráinseach Ghormáin. Déantar an comhaontú leis an oibreoir CPP i dtaca leis an mbonn deartha, tógála, maoinithe agus cothabhála de idir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde,



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

Nuálaíochta agus Eolaíochta agus am CPP Co, mar chúiteamh ar íocaíochtaí muirir aonadacha thar thréimhse 25 bliana. Dá bhrí sin, ós rud é nach ionann an Gníomhaireacht agus an deontóir chun críocha FRS 102 (alt 34.12), ní aithneofar i ráitis airgeadais na

Gníomhaireachta na sócmhainní agus na dliteanais ghaolmhara de réir an chomhaontaithe CPP.

Costais Chonartha

Áirítear leis seo caiteachas arna thabhtú thar ceann tríú páirtithe (Nóta 5). Sonrasctar na costais seo chuig tríú páirtithe ar aon dul le céim chríochnaithe an tionscadail. Aithnítear caiteachas agus ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ar bhonn méideanna arna sonrascadh don tríú páirtí. Áirítear caiteachas arna thabhtú nár sonrascadh don tríú páirtí mar obair idir lámha ag deireadh na bliana (Nóta 14).

Sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil

Déantar costais a bhaineann le sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil a chaipitliú i gcás, i dtuairim na Gníomhaireachta, gur dócha go bhforbrófar an tionscadal gaolmhar go rathúil agus go mbeidh na sochair eacnamaíocha a eascraíonn as oibríochtaí sa todhchaí comhionann ar a laghad le méid an chaiteachais chaipitlithe a tabhaíodh go dtí seo.

Baineann costais arna gcaipitliú do shócmhainní atá á bhforbairt le costais arna dtabhtú chun an tsócmhainn a thabhairt go dtí an chéim ag a bhfuiltear réidh le tús a chur leis an tógáil. Áirítear leis na costais a bhaineann le cur i gcrích na céime seo costais iarratais pleanála, oibreacha a chumasú agus staidéir shainchomhairleachta.

Baineann costais tógála le costais a tabhaíodh chun an tsócmhainn a thógáil ina hiomláine (Nóta 13).

Tugann an Gníomhaireacht neamhaitheantas do shócmhainní nuair a chinneann sí gur aistríodh rialú na sócmhainne ábhartha chuig eintiteas eile. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé seo tarlú roimh aistriú teidil foirmiúil chuig an eintiteas eile ach dá bhféadfadh sé gur aistríodh na rioscaí agus sochair úinéireachta chuig an eintiteas agus/nó go ndearna Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin comhaontú úinéireacht a aistriú ar dháta sa todhchaí agus mar thoradh air sin nach bhfuil an tsócmhainn ábhartha faoina stiúir a thuilleadh.

iv) OBAIR IDIR LÁMHA

Seasann obair idir lámha don chuid de chostais chonartha nár sonrascadh agus luaitear í ar a costas don chéim chríochnaithe den chonradh. Déantar foráil do gach caillteanas aitheanta nó a bhfuiltear ag súil leis ar chonarthaí (Nóta 14).

v) SOCHAIR SCOIR

Tá scéim scoir le sochar sainithe, arna maoiniú go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead arna sholáthar ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ó ranníocaíochtaí arna n-asbhaint ó thuarastail foirne. Tá Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") i bhfeidhm sa Gníomhaireacht freisin agus is scéim le sochar sainithe í seo d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí go léir na mball leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus leis an

Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Sna costais sochair scoir léirítear sochair scoir arna dtuilleamh ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin a sheoltar chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí

agus Athchóirithe. Aithnítear méid atá i gcomhréir leis an táille scoir mar ioncam, sa mhéid is in-aisghabhála é, agus fritháirítear é trí dheontais arna bhfáil le linn na bliana chun íocaíochtaí sochair scoir a ghlanadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha mar thoradh ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is in-aisghabhála ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Le dliteanais sochair scoir, léirítear an luach reatha atá ar íocaíochtaí sochair scoir sa todhchaí arna dtuilleamh ag baill foirne go dtí an dáta seo. Le cistiú sochair scoir iarchurtha, léirítear an tsócmhainn chomhfhreagrach le haisghabháil sna tréimhsí as seo amach ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

vi) SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Sonraítear talamh ruilse, foirgnimh, sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil, daingneáin agus trealamh oifige ar a gcostas, glan ó dhímheas carnta agus caillteanais bhearnúcháin. Áirítear le costais caiteachas atá inchurtha go díreach i leith an fháltais agus na tógála a bhaineann le bail oibre a chur ar shócmhainní chun na gcríoch sin dár beartaíodh iad.

Ní dhéantar talamh ruilse, sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil a dhímheas. Tosaíonn dímheas sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil nuair a bhíonn an tsócmhainn beagnach críochnaithe agus réidh dá húsáid bheartaithe. Déantar foráil iomlán d'aon bhearnúchán i luach na sócmhainne. Ní dhímheastar talamh.

Áirítear dímheas chun an costas ar gach sócmhainn eile, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh:

Ríocht phoiblí, bonneagar láithreáin agus foirgneamh	Líne Dhíreach 2%
Daingneáin agus trealamh oifige	Líne Dhíreach 25%

Diúscaítear Sócmhainní Seasta nuair a aistrítear na rioscaí suntasacha agus an luach saothair a bhaineann le húinéireacht agus rialú éifeachtach ar na bunsócmhainní.

vii) CUNTAS CAIPITIL

Léirítear leis an gcuntas caipitil an méid ioncaim gan amúchadh arna úsáid chun sócmhainní seasta inláimhsithe a mhaoiniú.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

viii) RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ TÓGÁLA

Faigheann an Gníomhaireacht maoiniú ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath chun críocha tógáil agus forbairt saoráidí oideachais ag Gráinseach Ghormáin. Cuireann OT Bhaile Átha Cliath maoiniú ar fáil sula ndéanann an Gníomhaireacht na híocaíochtaí gaolmhara. Aithníonn an Gníomhaireacht creidiúnaí fadtéarmach ar aon dul leis an maoiniú arna fháil ó OT Bhaile Átha Cliath a chuirfear ar ceal

nuair a aistreofar na sócmhainní críochnaithe chuig OT Bhaile Átha Cliath.

Sa chás go n-úsáidtear an maoiniú chun costais a tabhaíodh i dtógáil na sócmhainní a ghlanadh, déantar na costais sin a thaifeadadh mar shócmhainní seasta sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Nuair a ghearrtar dímheas ar na sócmhainní seo, creidiúnaítear méid meaitseála maoinithe don Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste loncaim Coinnithe trí laghdú ar mhéid an chreidiúnaí fadtéarmaigh.

Nuair a úsáidtear an maoiniú chun costais tionscadail a ghlanadh, gearrtar na costais sin ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe agus creidiúnaítear méid meaitseála maoinithe don Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe, ar laghdú an chreidiúnaí fadtéarmaigh dá bharr.

ix) BREITHIÚNAIS CHUNTASAÍOCHTA CHRITICIÚLA AGUS ÉIGINNTEACHTAÍ MEASTACHÁIN

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, éilítear ar an nGníomhaireacht meastacháin a dhéanamh agus boinn tuisceana a bheith aici a bhfuil tionchar acu ar na méideanna sócmhainní agus dliteanas arna dtuairisciú agus ar nochtadh sócmhainní agus dliteanas teagmhasach ar dháta na ráiteas airgeadais agus ar na méideanna loncaim agus caiteachais le linn na tréimhse tuairiscithe. I dtaca leis seo, creideann Comhalta an Bhoird go n-achoimrítear thíos na beartais chuntasaíochta chriticiúla inar gá breithiúnais nó meastacháin a chur i bhfeidhm.

Dímheas agus luachanna iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag Comhaltaí an Bhoird ar shaolréanna na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha talún agus foirgneamh agus daingneáin agus feistis, agus tá cinneadh déanta acu go bhfuil saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha cuí.

Oibleagáid Sochair Scoir

Na boinn tuisceana atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna arna n-aithint sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaire, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhairéachta agus rátaí a bhaineann le treochtaí i

gcostais cúram sláinte), nuashonraítear iad ar bhonn bliantúil, bunaithe ar choinníollacha reatha eacnamaíocha, agus in aghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an tsochair scoir agus ar phleananna iarscoir.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

Is féidir tionchar a bheith ag na rudaí seo a leanas ar na boinn tuisceana:

- (i) an ráta lascaire, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, coinníollacha sa mhargadh saothair sa todhchaí
- (iii) rátaí a bhaineann le treochtaí i gcostais cúram sláinte, an ráta boilscithe i gcostais leighis sna réigiúin ábhartha.

2. Ioncam

Chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán na cistí seo a leanas ar fáil don Ghníomhaireacht le linn na bliana:

	2022	2021
	€'000	€'000
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta – Reatha (Fotheideal B. 14)	3,397	3,212
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta – Caipiteal (Fotheideal B.16)	12,000	895
An Roinn Oideachais agus Scileanna – Caipiteal (Bunleibhéal)	7,259	6,328
FSS – Costais chonartha	168	179
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán - Clár Caipitil Spóirt	<u>0</u>	<u>39</u>
	<u>22,824</u>	<u>10,653</u>

Bronnadh deontas ar an nGníomhaireacht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt roimhe seo) faoin gClár Caipitil Spóirt in 2017, arbh fhiú €111,500 san iomlán é chun trí thionscadal spóirt a mhaoiniú. In 2021, tugadh faoi thionscadal amháin – uasghrádú ar an limistéar MUPS lena n-áirítear dromchla dubh nua agus cuailí nua ilchuspóireacha agus ceannach sé rothar aclaíochta. Bhí 95% den chostas maoinithe ag an deontas, a fuarthas in 2021.

3. Ioncam Eile

	2022	2021
	€'000	€'000
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	(6)	380
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath – aistriú foirgneamh	(23)	19,800
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath – aisíocaíocht costas	36	1,089
Daoine eile - Aisghabháil costais eile	60	87
Ús bainc	<u>136</u>	<u>1</u>
	<u>203</u>	<u>21,357</u>



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

Le linn 2021, aistríodh rialú ar an Teach Íochtarach go dtí OT Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh ar an idirbheart €19.8m, aithníodh ioncam ó OT Bhaile Átha Cliath agus laghdú meaitseála ar dhliteanas fadtéarmach do OT Bhaile Átha Cliath. In 2022, rinneadh coigeartú (€23k) de réir mar a tháinig na costais deiridh in aibíocht.

Mar a tuairiscíodh i nóta 17, scaoileadh €142k chuig ioncam eile inar cuimsíodh maoiniú do chostais tionscadail de €31k, suim a scaoileadh chun teacht le dímheas €111k. Mar thoradh ar scaoileadh fabhráithe €148k do chostais tionscadail neamhábhartha, tógadh iomlán (€6k) chuig ioncam eile in 2022.

4. Cuntas Caipitil

	2022 €'000	2021 €'000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	<u>93,468</u>	<u>88,497</u>
Aistriú ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:		
Cistí leithdháilte chun tailte agus foirgnimh a fháil	12,000	0
Cistí arna leithdháileadh chuig sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil	7,259	6,454
Sócmhainní seasta (talamh) a dhiúscairt chuig OT Bhaile Átha Cliath	(3,690)	(448)
Amúchta ar aon dul le dímheas sócmhainne	<u>(1,039)</u>	<u>(1,035)</u>
Gluaiseacht iomlán sa bhliain	<u>14,530</u>	<u>4,971</u>
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	<u>107,998</u>	<u>93,468</u>

Léirítear le hiarmhéid an chuntais caipitil an méid ioncaim gan amúchadh arna fháil ón Roinn Breisoidreachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, arna úsáid chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach. Mar gheall ar an gcaoi a maoinítear an Gníomhaireacht agus a n-aithnítear ioncam, féadann moill uainithe tarlú idir costas sócmhainne seasta a thaifeadadh agus an maoiniú gaolmhar a fháil.

5. Costais Chonartha

	2022 €'000	2021 €'000
Costais chonartha	<u>(177)</u>	<u>179</u>

Suas go dtí an 31 Nollaig 2022, bhí costais chonartha tabhaithe ag an nGníomhaireacht arbh fhiú €35,012k iad san iomlán arna sonrascadh chuig FSS. Baineann na costais seo go léir le conarthaí le FSS maidir le



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

Forbairt áiseanna cúram sláinte. Áirítear thíos miondealú ar na costais a gearradh don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

	Caiteachas Carnach Roimh 2022 €'000	2022 €'000	Caiteachas Carnach Iomlán €'000
Dlíthiúil agus gairmiúil	4,177	86	4,263
Oibreacha cumasúcháin agus tógála	30,027	(263)	29,764
Feistiú agus tírdhreachtú	804	0	804
Athchóiriú agus athlonnú	58	0	58
Bainistiú eastáit agus cothabháil	43	0	43
Ilearraí	74	0	74
Cur chun cinn tionscadail agus caidreamh poiblí	<u>6</u>	<u>0</u>	<u>6</u>
Costais iomlána conarthaí aiséochta ag FSS	<u>35,189</u>	<u>(177)</u>	<u>35,012</u>

Go dtí seo tá Ospidéal Meabhairshláinte an Fhionnuisce agus an tIonad Cúraim Phríomhúil críochnaithe agus in úsáid. Tá an Chomharsanacht Cúraim Chónaithe á dearadh amháin an 31 Nollaig 2022.

6. Costais Tionscadail

	2022 €'000	2021 €'000
Seirbhísí dlí	25	260
Comhairleacht dearaidh	(5)	643
Táillí gairmiúla	389	290
Oibreacha cumasúcháin agus tógála	(3)	224
Bainistiú Eastáit agus Cothabháil	<u>348</u>	<u>212</u>
	<u>754</u>	<u>1,629</u>

Áirítear le costais tionscadail €754k (2021: €1,629k) (€120k) (2021: €937k) a tabhaíodh i dtaca le costais leanúnacha bunaithe Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí maidir le saoráidí oideachais a fhorbairt laistigh de shuíomh Ghráinseach Ghormáin.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

7. Costais Foirne

	2022	2021
	€'000	€'000
Pá agus tuarastail	1,590	1,494
Baill foirne ar iasacht agus gníomhaireachta	189	193
ÁSPC an Fhostóra	171	162
Oiliúint agus earcú foirne	24	43
	<u>1,974</u>	<u>1,892</u>

An líon fostaithe

D'fhostaigh an Gníomhaireacht 21 (2021: 22) ball foirne ar an meán go díreach le linn na bliana.

Fostaíodh 3 (2021: 3.5) bhall foirne trí iasacht nó trí sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí le linn na bliana.

Baineadh €35k (2021: €31k) den fhoireann mar ranníocaíocht aoisliúntais bhreise agus íocadh é seo leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

B'ionann speansais fáilteachais an Bhoird, na bainistíochta agus na foirne agus €5k (2021: €2k). Níor íocadh aon chaiteachas taistil thar lear a tabhaíodh i dtaca leis an POF agus leis an bhfoireann (2021: €0).

Miondealú ar shochair fostaí*

Raon na sochar iomlán fostaí

An líon fostaithe

Ó	Go	2022	2021
€20,000 - €29,999		1	1
€30,000 - €39,999		3	1
€40,000 - €49,999		1	1
€50,000 - €59,999		2	1
€60,000 - €69,999		1	6
€70,000 - €79,999		5	4
€80,000 - €89,999		9	6
€90,000 - €99,999		2	1
€100,000 - €109,999		0	0
€110,000 - €119,999		<u>1</u>	<u>1</u>
		<u>25</u>	<u>22</u>

*Baineann sé le baill foirne atá fostaithe go díreach ag an nGníomhaireacht amhail an 31 Nollaig 2022.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

8. Costais a bhaineann le Sochair Scoir

(a) Scéim Sochair Scoir

Tá scéim neamhchistithe aoisliúntais le sochar sainithe i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a bhíonn ann faoin Scéim as ioncam reatha. Tá ranníocaíocht aoisliúntais fostaithe iníoctha leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir leis bpríomhscéim agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an scéim Aonair don earnáil phoiblí.

Socrú sochair scoir don tuarastal deiridh le sochar sainithe is ea an Scéim ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí trí thagairt do 'mhúnla' reatha rialachán na scéime don earnáil phoiblí. Soláthraítear faoin Scéim sochar scoir (ochtóduithe in aghaidh gach bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh gach bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus leanaí. Is é an Ghnáthaois Scoir ná breithlá 65 bliain an chomhalta, agus tá comhaltaí roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois. Méadaítear íocaíocht sochair scoir (agus iarchur) ar bhonn lánroghnach ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, tá iontrálaithe nua ina gcomhaltaí den Scéim Aonair Sochair Scoir don tSeirbhís Phoiblí. Soláthraítear leis seo sochair a bhaineann le meántuilleamh gairmréime athluacháilte ar aon dul le méaduithe sa Phraghasinnéacs Tomhaltóirí. Nascfar aois íosta scoir na Scéime le haois an Phinsin Stáit.

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais maidir le baill foirne na Gníomhaireachta atá ag fónamh, ar scor nó iarchurtha ar an 31 Nollaig 2022.

Rinne achtúire cáilithe neamhspleách an luacháil seo chun críocha an chaighdeáin cuntasaíochta, FRS 102 – Sochair Scoir Is iad na boinn tuisceana a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh faoi FRS 102 ná:

	2022	2021
Ráta lascaine	3.50%	1.20%
Ráta méadaithe i dtuarastail	4.00%	3.50%
Ráta méadaithe i sochair scoir	3.50%	3.00%
Boilsciú	2.50%	2.00%



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

(b) Ráiteas ar Staid an Airgeadais - Aitheantas

Is iad na méideanna a aithnítear sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ná:

	2022 €'000	2021 €'000
Luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe atá neamhchistithe ina n-iomláine	3,270	4,127
Luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe atá cistithe ina n-iomláine nó ina bpáirt	0	0
Maoiniú sochar scoir iarchurtha	(3,270)	(4,127)

Glandliteanas arna aithint sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ar an 31 Nollaig

0 0

(c) Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir na bliana

	2022 €'000	2021 €'000
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir na bliana reatha	542	479
Lúide: íocaíochtaí sochair scoir	(14)	(35)
	<u>528</u>	<u>444</u>

(d) Anailís ar chostais iomlána sochair scoir arna ngearradh ar chaiteachas

	2022 €'000	2021 €'000
Costas seirbhíse reatha	499	456
Costas úis	43	23
Ranníocaíochtaí & aisíocaíochtaí fostaithe	0	(3)
Caiteachais a aithnítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe	<u>542</u>	<u>476</u>

(e) Dliteanas cistithe iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn an Gníomhaireacht méideanna dlite ón stát le haghaidh dliteanas cistithe iarchurtha do shochair scoir mar gheall ar roinnt teagmhas roimhe seo Áirítear leis na teagmhais seo tacaíocht stáit don scéim aoisliúntais, agus an polasaí agus an cleachtas maidir le sochair scoir don tseirbhís phoiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach bhfuil comhaontú foirmiúil ann, agus nach bhfuil ráthaíocht ann maidir leis na méideanna sainiúla leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta dá bharr, níl aon fhianaise ag an nGníomhaireacht nach leanfar



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

de réir a chéile ag baint amach an mhéid seo de réir an chleachtais reatha leis an bpolasaí seo. Ba é an dliteanas cistithe iarchurtha do shochair scoir ar an 31 Nollaig 2022 ná €3,270k (31 Nollaig 2021 : €4,127k).

Socrú sochair scoir don tuarastal deiridh le sochar sainithe is ea an Scéim ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí trí thagairt do mhúnla reatha rialachán na scéime don earnáil phoiblí.

(f) Gluaiseacht san oibleagáid sochar sainithe

Is mar seo a leanas atá athruithe ar luach láithreach na hoibleagáide sochar sainithe:

	2022	2021
	€'000	€'000
Luach láithreach na hoibleagáide sochar sainithe ar an 1 Eanáir	4,127	2,923
Costas seirbhíse reatha	499	456
Costas úis	43	23
Sochair a íocadh sa bhliain	(14)	(35)
Cailteanas / (gnóthachan) achtúireach	<u>(1,385)</u>	<u>760</u>
Luach láithreach na hoibleagáide sochar sainithe ar an 31 Nollaig	<u>3,270</u>	<u>4,127</u>

9. Costais Bhunaithe

	2022	2021
	€'000	€'000
Deisiúcháin agus cothabháil	1	15
Glantachán	12	4
Árachas	87	70
Cíos	24	27
Solas agus teas	<u>7</u>	<u>33</u>
	<u>131</u>	<u>149</u>



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

10. Seirbhísí Gairmiúla

	2022 €'000	2021 €'000
Seirbhísí dlí	44	30
Cuntasaíocht / Comhairleach airgeadais	4	3
Comhairleacht (lena n-áirítear comhairleach maoine)	6	147
Táillí iniúchóireachta inmheánaí	23	18
Táille comhairle pinsin	4	6
Táillí Gairmiúla eile	<u>79</u>	<u>85</u>
	<u>160</u>	<u>289</u>

11. Costais Ghinearálta Oibriúcháin

	2022 €'000	2021 €'000
Priontáil, postas agus stáiseanóireacht	1	4
Teileafón	7	6
Táillí bainc	1	0
Costais láithreáin gréasáin agus TF	148	61
Speansais oifige	18	12
Speansais cruinnithe	3	1
Nuachtáin, irisí agus ábhar tagartha	0	0
Síntiúis	15	18
Taisteal agus cothú	0	0
Ús Iníoctha	<u>7</u>	<u>13</u>
	<u>200</u>	<u>115</u>



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

12. Táillí Comhaltaí Boird agus Tuarastal an POF

	2022 €'000	2021 €'000
Luach saothair an Chathaoirligh	9	9
Táillí Comhaltaí Boird	44	42
Speansais comhaltaí Boird	<u>1</u>	<u>0</u>
	<u>54</u>	<u>51</u>
 Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	 2022 €'000	 2021 €'000
Buntuarastal	<u>118</u>	<u>112</u>
 Cothú taistil agus síntiúis ghairmiúla	 <u>1</u>	 <u>1</u>

Tá an POF ina chomhalta de scéim neamhchistithe le sochar sainithe don earnáil phoiblí agus ní théann a shochair scoir thar na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim aoisliúntais le sochar sainithe don earnáil phoiblí.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

13. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Tala mh, ríocht phoiblí, bonneagar suímh agus foirgnimh €'000	Sócmhainní atá á bhforbairt agus tógáil €'000	Daingneá n agus trealamh oifige €'000	Iomlán €'000
COSTAS				
Ar 1 Eanáir 2022	93,011	27,769	330	121,110
Breiseanna	1,397	23,902	16	25,315
Diúscairt	<u>(3,690)</u>	<u>0</u>	<u>(4)</u>	<u>(3,694)</u>
Ar 31 Nollaig 2022	<u>90,718</u>	<u>51,670</u>	<u>342</u>	<u>142,730</u>

	Talamh, ríocht phoiblí, bonneagar suímh agus foirgnimh €'000	Sócmhai nní atá á bhforbairt agus á dtógáil tógáil €'000	Daingneá n agus trealamh oifige €'000	Iomlán €'000
DÍMHEAS				
Ar 1 Eanáir 2022	6,770	0	127	6,897
Muirear don bhliain	1,076	0	75	1,151
Diúscairtí	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(5)</u>	<u>(5)</u>
Ar 31 Nollaig 2022	<u>7,846</u>	<u>0</u>	<u>197</u>	<u>8,043</u>

GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR

Ar 31 Nollaig 2022	<u>82,872</u>	<u>51,670</u>	<u>145</u>	<u>134,687</u>
Ar 31 Nollaig 2021	<u>86,241</u>	<u>27,769</u>	<u>203</u>	<u>114,213</u>

In 2022, aistríodh rialú ar an talamh ar a bhfuil an dá Chearnóg Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí suite, 4.1 acra san iomlán, chuig OT Bhaile Átha Cliath. Ba é €3,689,530 luach na talún seo.

In 2021, aistríodh smacht ar an Teach Íochtarach go dtí OT Bhaile Átha Cliath. Sa bhliain 2022 scaoileadh coigeartú €23k (eisiúint ar fhabhrú neamhriachtanach de réir mar a tháinig na costais deiridh i gcrích) faoin lasacht Fhadtéarmach féach nóta 16 (c).



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

De réir an Achta um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005, tá talamh laistigh de shuíomh Ghráinseach Ghormáin le bheith curtha ar fáil don Gníomhaireacht chun críocha saoráidí sláinte agus oideachais a thógáil.

Ó 2012 go 2014, aistríodh thart ar 55 acra talún chuig an nGníomhaireacht ó FSS mar mhionchomaoin €20.

Tá achar iomlán 73 acra i suíomh Ghráinseach Ghormáin, lena n-áirítear:

- Thart ar 18 acra a úsáidfear le haghaidh tionscadail sláinte agus a fhanfaidh faoi úinéireacht FSS.
- 55 acra san iomlán a bhfuil sé i gceist iad a úsáid le haghaidh tionscadail oideachais agus spóirt. Aistríodh acra amháin den talamh seo chuig OT Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2017, aistríodh 0.5 acra eile in 2021 agus aistríodh 4.1 acra in 2022. Amhail an 31 Nollaig 2022, tá 5.6 acra san iomlán aistrithe.

Is iad na sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil go príomha ná an Mol Acadúil (€22.1m), Bunscoil Ag Foghlaim Le Chéile BÁC7 (€15.0m), An Chearnóg Thiar (€6.3m), an tIonad Fuinnimh (€4.0m), Seomraí Feistis Sealadacha Spóirt (€1.8m), Ceardlann déanta priontaí (€1.8m) agus tionscadail níos lú (€0.7m).

D'aistrigh an Gníomhaireacht a cuid oifige ó Fhoirgneamh an Túir Cloig chuig Teach na Páirce (faoi úinéireacht OT Bhaile Átha Cliath) i mí Eanáir 2021. Síníodh Meabhrán Comhaontaithe idir Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin agus OT Bhaile Átha Cliath ar an 18 Nollaig 2020, le haghaidh tréimhse 10 mbliana don spás oifige atá 475 méadar cearnach san iomlán.

14. Infháiltais agus Réamhíocaíochtaí	2022	2021
Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin	€'000	€'000
Infháiltais trádála	28	522
Méideanna dlite ó OT Bhaile Átha Cliath	6	1,176
Ioncam fabhráithe	84	240
Infháiltais agus Réamhíocaíochtaí ilghnéitheacha	<u>69</u>	<u>68</u>
	<u>187</u>	<u>2,006</u>

Meastar gach iarmhéid infhála a bheith in-aisghabhála laistigh d'aon bhliain amháin.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

15. Dlíteanais Reatha	2022	2021
Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin	€'000	€'000
Méideanna infóicta trádála	391	295
Méideanna dlite do OT Bhaile Átha Cliath	0	231
Cáin Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla	15	63
Cánachas breisluacha	592	281
Cáin Conarthaí Iomchuí	0	0
Cáin Ioncaim	66	0
ÍMAT/ÁSPC	59	54
Fabhrúithe	3,139	3,227
Ioncam iarchurtha	5,088	5,622
Coinneálacha sealbhaithe ar oibríochtaí tógála	1,226	559
Méideanna infóicta ilghnéitheacha	<u>82</u>	<u>82</u>
	<u>10,658</u>	<u>10,414</u>



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

16. Dlíteanais Fhadtéarmacha	2022	2021
Méideanna dlíte tar éis níos mó ná aon bhliain amháin	€'000	€'000
Réamhíocaíochtaí ar ghníomhaíochtaí tógála	<u>126,148</u>	<u>131,441</u>

Cuireann Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath cistí ar fáil don Gníomhaireacht trí réamhíocaíochtaí maidir le saoráidí oideachais a thógáil agus a fhorbairt ag Gráinseach Ghormáin. Ar 31 Nollaig 2022, úsáideadh €22,000k (2021: €17,508k) san iomlán chun costais arna dtabhú i dtógáil agus forbairt saoráidí oideachais, a áirítear laistigh de shócmhainní seasta, a ghlanadh. Nuair a aistreofar an tsócmhainn chríochnaithe chuig OT Bhaile Átha Cliath, cuirfear iarmhéid an chreidiúnaí ar ceal.

	2022	2021
	€'000	€'000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	131,441	176,366
Réamhíoctha sa bhliain	0	0
Costais diúscartha réadmhaoine	0	0
Méid scaoilte chuig ioncam eile maidir le		
costais tionscadail sa bhliain (a)	(31)	(190)
Méideanna aistrithe chuig OT Bhaile Átha Cliath (b)	(5,174)	(24,837)
Sócmhainní Aistrithe chuig OT Bhaile Átha Cliath (c)	23	(19,800)
Dímheas (a)	(111)	(98)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	<u>126,148</u>	<u>131,441</u>
Tá an t-iarmhéid comhdhéanta de	2022	2021
	€'000	€'000
Maoiniú OT Bhaile Átha Cliath nár úsáideadh ag deireadh na bliana,		
iarmhéid airgid thirim & coibhéisí airgid thirim	104,149	113,934
Maoiniú carnach a úsáideadh chun sócmhainní a fhorbairt (d)	<u>22,000</u>	<u>17,507</u>
	<u>126,148</u>	<u>131,441</u>

Iarmhéid Dlíteanais Fadtéarma OT Bhaile Átha Cliath ar an 31 Nollaig

- (a) Cuimsítear leis an méid a scaoileadh chuig ioncam cistiú le haghaidh costais tionscadail €31k, agus méid scaoilte chun dímheas €111k a mheaitseáil. Tuairiscítear ioncam den chineál sin i Nóta 3.
- (b) Aistríodh €5,174k chuig OT Bhaile Átha Cliath le haghaidh tionscadail arna mbainistiú go díreach ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar champas Ghráinseach Ghormáin – trealamh Ciosamhairc & TFC €2,677k; Íocaíocht CBL ar Chearnóga Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis

€2,069k; Clós na nEastát €222k; Teach na Páirce €92k; agus Teach Ráth an Dúin €84k agus tionscadail níos lú €30k.

- (c) Aistríodh an Teach Íochtarach go dtí OT Bhaile Átha Cliath ar an 31 Lúnasa 2021, baineann €19,800k le luach an fhoirgnimh. Diúscairt sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil i Nóta 13. In 2022, rinneadh coigeartú (€23k) de réir mar a tháinig na costais deiridh in aibíocht.
- (d) Cuimsíonn an Maoiniú Carnach a úsáideadh le haghaidh forbairt sócmhainní (€22,000k) an Chearnóg Thiar €6,224k; Mol Acadúil €6,540k; an tIonad Fuinnimh €3,663k; Áiseanna Athraithe Spóirt €1,825k; Ceardlann Déanta Priontaí €1,650k agus tionscadail níos lú €2,098k.

Áirítear an cistiú a cuireadh ar fáil nár úsáideadh ag deireadh na bliana in iarmhéid bairc na Gníomhaireachta. Mar a achoimrítear sa pholasaí cuntasáíochta, áirítear costais na sócmhainní arna dtógáil i sócmhainní inláimhsithe go dtí go n-aistrítear iad chuig OT Bhaile Átha Cliath (Nóta 13).

17. Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

	2022 €'000	2021 €'000
Ar an 1 Eanáir	1,038	899
Barrachas don bhliain	<u>479</u>	<u>139</u>
Ar an 31 Nollaig	<u>1,517</u>	<u>1,038</u>

Iarmhéid ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Deontais stáit is ea cuid mhaith den ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, a chuirtear ar fáil chun dliteanais a thagann in aibíocht le linn na bliana a íoc murab ionann is caiteachas a tabhaíodh le linn na bliana Déantar caiteachas a thaifeadadh ar bhonn fabhráithe. Mar thoradh air seo, ní léirítear san iarmhéid ar an gcuntas ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe gnáthbharrachas ná gnátheasnaimh oibriúcháin ach tá sé inchurtha, den chuid is mó, i leith na difríochta idir caiteachas ar bhonn fabhráithe agus maoiniú ar bhonn airgid thirim. Cuidíonn ús infhaighte leis an mbarrachas seo freisin.

18. Leasanna Comhaltaí Boird

Ghlac an Gníomhaireacht le nósanna imeachta de réir treoirínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le leasanna nochta ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana Ní raibh aon idirbhearta a raibh aon tábhacht ag baint leo sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird chun leas tairbhiúil Comhalta Boird.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

19. Ceangaltais Chaipitil

Is iad seo a leanas sonraí na gceangaltas caipitil ar an dáta cuntasáíochta:

	2022	2021
	€'000	€'000
A ndearna conradh ina leith ach nach bhforáiltear sna ráitis airgeadais	<u>73,490</u>	<u>12,862</u>

Bhí an méadú €60,628k ar cheangaltais chaipitil mar gheall ar an Mol Acadúil, nuair a ceapadh an conraitheoir tógála (€67,336k), agus bhí laghdú €6,181k ar an mbunscoil Ag Foghlaim Le Chéile.

20. Anailís ar Athruithe i nGlanclistí

	Iarmhéid Tosaigh €'000	Sreabha dh airgid €'000	Iarmhéid d Deiridh €'000
Airgead sa bhanc agus Coibhéisí Airgid Thirim	<u>120,142</u>	<u>(8,695)</u>	<u>111,447</u>
Glanclistí	<u>120,142</u>	<u>(8,695)</u>	<u>111,447</u>

21. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Páirtí gaolmhar is ea OT Bhaile Átha Cliath de bharr comhchoiteannacht comhaltaí áirithe den bhord.

Is páirtí gaolmhar é FSS mar gheall ar roinnt fostaithe sinsearach de chuid FSS a bheith ina gcomhaltaí de Bhord na Gníomhaireachta.

Ní raibh aon idirbhearta páirtithe gaolmhara d'aon suntas sa bhliain seachas iad sin a nochtar i Nótaí 2, 3, 5 agus 12.

Is iad an POF agus comhaltaí an Bhoird príomhphearsanra bainistíochta na Gníomhaireachta. Ba é €172k an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus caiteachais na gcomhaltaí Boird, agus luach saothair an POF (2021: €163k).

22. Dlíteanas Teagmhasach

Tá an Gníomhaireacht den tuairim nach bhfuil aon dlíteanais theagmhasacha le soláthar ar an dáta a fhaomhtar na ráitis airgeadais.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

23. Teagmhais tar éis Dheireadh na Bliana Airgeadais

Níl aon teagmhais le heisiúint idir dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo a n-éilítear coigeartú ar na ráitis airgeadais ina leith.

24. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 06.09.2023

An tUas. Paul
O'Toole
Cathaoirleach

An tUas. Gerrard
Casey Comhalta
Boird

Aguisíní

AGUISÍN 1

Grúpa Comhairliúcháin*

An Roinn Oideachais agus Scileanna/An tÚdarás um
Ard-Oideachas
Andrea Valova

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Folamh

An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Eoin Farrell

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Collette Burns
Thomas Stone

Foireann OT Bhaile Átha Cliath
Ronan Dunphy
Leslie Shoemaker

Mic Léinn OT Bhaile Átha Cliath
Mary Scally
Brian Jordan

Ionadaithe Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
An Comhairleoir Ray McAdam
An Comhairleoir Niall Ring

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Folamh

Foireann FSS
Fiona Davis

Ionadaithe Úsáideoirí Seirbhíse FSS
Alicja Hughes

Ionadaithe Poiblí
Neasa Hourigan TD

Cónaitheoirí Áitiúla
Eugene Kelly
Mark O'Neill

*mar a bhí ag deireadh 2022

Aguisíní

AGUISÍN 2*

Foireann na Gníomhaireachta

Ger Casey – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Peter O’Sullivan – Stiúrthóir Airgeadais

Nora Rahill – Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha

Conor Sreenan – Stiúrthóir Straitéise agus Deartha

Catherine Opdebeeck - Stiúrthóir Cláir agus Soláthair

Cathal Rigney – Stiúrthóir Tógála agus Bonneagair

Padraic Ballantyne – Innealtóir Sinsearach/Comhordaitheoir

Shay Bowman – Innealtóir Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadal

Brian Cooling - Suirbhéir Cainníochta Sinsearach

Ian Costello - Comhordaitheoir Tionscadail/Innealtóir M&E

Anne-Marie Deasy – Riarthóir

Martha Dineen - Cúntóir Tionscadail

Jenny Donohoe - Cúntóir Cumarsáide agus Meán

Catherine Hallinan – Rialaitheoir Airgeadais

Lori Keeve – Bainisteoir Cumarsáide

Gosia Kudyba - Comhordaitheoir Inbhuanaitheachta

Aideen Lowery - Ailtire Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadail

Kathleen McCann – Comhordaitheoir Fostaíochta agus Oiliúna

Des Marmion – Innealtóir Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadail

Pat Moynihan – Innealtóir Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadail

Derek Niven – Suirbhéir Cainníochta Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadail

Adam O’Halloran - Oifigeach Cléireachais

Pat O’Sullivan – Ailtire Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadail

Edward Scanlon – Ailtire Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadail

Catherine Stapleton – Cuntasóir Cúnta

Nigel Thompson – Suirbhéir Cainníochta Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadail

**amhail deireadh 2022

